TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
KOKOTT
arna tabhairt an 21 Meán Fómhair 2023[1]

Cás C-605/21

Heureka Group a.s.
v
Google LLC

(Iarraidh ar réamhrialú ón Městský soud v Praze (Cúirt Chathrach Phrág, Poblacht na Seice))

(Tarchur chun réamhrialú — Caingne le haghaidh damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí na hiomaíochta — An fhéidearthacht brath ar chinneadh neamhchríochnaitheach ón gCoimisiún — Treoir 2014/104/AE — Raon feidhme *ratione temporis* — Sárú ag tosú sula dtiocfaidh an Treoir i bhfeidhm — Tréimhse theorann — Comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta bunaidh le hAirteagal 102 CFAE agus an prionsabal maidir le héifeachtacht dhlí an Aontais Eorpaigh)

Clár Ábhar

I. Réamhrá . . . 2

II. An dlí lena mbaineann . . . 3

A. Dlí an Aontais Eorpaigh . . . 3

1. Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 . . . 3

2. Treoir 2014/104 . . . 4

B. Dlí na Seice . . . 5

III. Na fíorais agus na príomhimeachtaí . . . 6

A. Nós imeachta os comhair an Choimisiúin in '*Google Shopping*' agus i gCinneadh C(2017) 4444 final . . . 7

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

B. Caingean náisiúnta shibhialta Heureka i leith damáistí 8

IV. An iarraidh ar réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte 9

V. Anailís 11

A. Réamhshaincheist: an féidir leis an gcúirt náisiúnta brath ar chinneadh ón gCoimisiún nach bhfuil críochnaitheach go fóill? 12

1. Cineál ceangailteach cinnidh ón gCoimisiún nach bhfuil críochnaitheach go fóill 13

2. An bhfuil oibleagáid ann bac a chur ar na príomhimeachtaí? 14

B. An chéad cheist agus an dara ceist le haghaidh réamhrialú: impleachtaí na gcinntí sa bhreithiúnas in *Volvo* don chás seo 16

1. Tréimhse an tsáraithe a tharla tar éis dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí 17

2. Tréimhse an tsáraithe a tharla roimh dhul in éag an spriocdháta ama chun Treoir 2014/104 a thrasuí 19

C. An tríú agus an ceathrú ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú: na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais Eorpaigh maidir leis na rialacha maidir le teorannú a bhí ann roimh an Treoir 20

1. An féidir leis an tréimhse theorann tosú sula dtiocfaidh deireadh leis an sárú? (an tríú ceist agus mír (i) den cheathrú ceist) 20

2. An féidir tús a chur leis an tréimhse theorann sula mbeidh a an páirtí díobhálaithe ar an eolas gurb ionann an t-iompar agus sárú ar rialacha iomaíochta? (mír (ii) den cheathrú ceist) 25

3. An gá an tréimhse theorann a chur ar fionraí ar feadh ré an nós imeachta atá os comhair an Choimisiúin agus ar feadh thréimhse an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar an gcinneadh sin ón gCoimisiún? (míreanna (iii) agus (iv) den cheathrú ceist) 26

VI. Conclúid 28

I. Réamhrá

1. Faoi na rialacha maidir le teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 10 de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh,[2] ní chuirfear tús le tréimhsí teorann go dtí go mbeidh deireadh leis an sárú ar an dlí iomaíochta agus go bhfuil an t-éilitheoir ar an eolas, nó gur féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh sé ar an eolas, faoi na príomhghnéithe den sárú.

[2] IO 2014 L 349, lch. 1.

2. I gcomhthéacs an tarchuir seo le haghaidh réamhrialú, iarrtar ar an gCúirt, go príomha, scrúdú a dhéanamh an amhlaidh, sula ndeachaigh an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí in éag, go raibh ceanglas ann cheana féin faoi Airteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, nach féidir go dtosóidh an tréimhse theorann sula mbeidh deireadh tagtha leis an sárú. Ina theannta sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil gnéithe áirithe eile de na seanrialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann comhoiriúnach le dlí an Aontais Eorpaigh, gnéithe a bhaineann, *inter alia*, leis an eolas gurb ionann an t-iompar i dtrácht agus sárú ar rialacha iomaíochta agus fionraí na dtréimhsí teorann ar feadh thréimhse an nós imeachta os comhair an Choimisiúin agus na hagóide breithiúnaí in aghaidh an chinnidh maidir le sárú.

II. An dlí lena mbaineann

A. Dlí an Aontais Eorpaigh

1. Rialachán (CE) Uimh. 1/2003

3. In Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003,[3] dar teideal "Dualgas cruthúnais":

"In aon imeachtaí náisiúnta nó Comhphobail chun Airteagal [101 agus Airteagal 102 CFAE] a chur i bhfeidhm, is ar an bpáirtí nó ar an údarás a líomhnaíonn an sárú a bheidh an dualgas a chruthú gur sáraíodh Airteagal [101](1) nó Airteagal [102 CFAE]. Is ar an ngnóthas nó ar an gcomhlachas gnóthas a agraíonn Airteagal [101](3) [CFAE] a bheidh an dualgas a chruthú go gcomhlíontar coinníollacha na míre sin."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4. Foráiltear le hAirteagal 16 den Rialachán sin, dar teideal "Cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí iomaíochta an Chomhphobail":

"1. Nuair a thugann cúirteanna náisiúnta rialú ar chomhaontuithe, cinntí nó cleachtais faoi Airteagal [101] nó [102 CFAE] atá faoi réir cinneadh ón gCoimisiún cheana féin, ní féidir leo cinntí a ghlacadh a thagann salach ar an gcinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún. Ní mór dóibh freisin gan cinntí a thabhairt a bheadh ag teacht salach ar chinneadh atá beartaithe ag an gCoimisiún in imeachtaí atá tionscanta aige. Chuige sin, féadfaidh an chúirt náisiúnta a mheas an gá bac a chur ar a himeachtaí. Tá an oibleagáid sin gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí faoi Airteagal [267 CFAE].

2. Nuair a thugann údaráis iomaíochta na mBallstát rialú ar chomhaontuithe, cinntí nó cleachtais faoi Airteagal [101] nó faoi [102 CFAE] atá faoi réir cinneadh ón gCoimisiún cheana féin, ní féidir leo cinntí a dhéanamh a bheadh contrártha leis an gcinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

[3] Rialachán ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta atá leagtha síos in Airteagal [101] agus in Airteagal [102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1).

5. Faoi Airteagal 25(2) den Rialachán sin:

"Tosóidh an tréimhse theorann ar an lá a rinneadh an sárú. I gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, áfach, ní thosóidh an tréimhse theorann go dtí an lá a dtiocfaidh deireadh leis an sárú."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

2. Treoir 2014/104

6. Luaitear an méid seo a leanas in aithris 36 de Threoir 2014/104:

"Níor cheart go gcuirfeadh rialacha náisiúnta maidir le tús, fad, fionraíocht nó briseadh tréimhsí teorann bac míchuí ar chaingne le haghaidh damáistí a thabhairt. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin i ndáil le caingne atá bunaithe ar chinneadh ó údarás iomaíochta nó ó chúirt athbhreithnithe go ndearnadh sárú. Chuige sin, ba cheart é a bheith indéanta caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh tar éis d'údarás iomaíochta imeachtaí a thionscnamh, d'fhonn dlí iomaíochta náisiúnta agus dlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh a fhorfheidhmiú. Níor cheart go dtosódh an tréimhse theorann sula dtiocfaidh deireadh leis an sárú agus sula mbeidh an t-éilitheoir ar an eolas, nó sula bhféadfar a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh sé ar an eolas, faoin iompar arb é an sárú é, go ndearna an sárú díobháil don éilitheoir agus faoi chéannacht an tsáraitheora. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dearbhthréimhsí teorann a bhfuil feidhm ghinearálta leo a choinneáil nó a thabhairt isteach, ar choinníoll nach bhfágann fad na ndearbhthréimhsí teorann sin go mbeadh sé beagnach dodhéanta nó ródheacair an ceart chun lánchúitimh a fheidhmiú."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7. In Airteagal 2 den Treoir sin, tá an teideal "Sainmhínithe" agus déantar foráil ann, i míreanna 1 agus 12 de:

"Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'sárú ar an dlí iomaíochta' sárú ar Airteagal 101 CFAE nó ar Airteagal 102 CFAE, nó ar an dlí iomaíochta náisiúnta;

[...]

(12) ciallaíonn 'cinneadh críochnaitheach maidir le sárú' cinneadh maidir le sárú nach féidir a achomharc ar ghnáthmhodhanna, nó nach féidir a achomharc ar ghnáthmhodhanna a thuilleadh."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8. Foráiltear le hAirteagal 9 den Treoir, dar teideal "Éifeacht cinntí náisiúnta":

"1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar sárú ar dhlí iomaíochta arna chinneadh le cinneadh críochnaitheach ó údarás iomaíochta náisiúnta nó cúirt athbhreithnithe a mheas mar shárú léirithe nach féidir a bhréagnú chun críoch caingne le haghaidh damáistí a thugtar os comhair a gcúirteanna náisiúnta faoi Airteagal 101 nó Airteagal 102 CFAE nó faoin dlí iomaíochta náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina nglacfar cinneadh críochnaitheach dá dtagraítear i mír 1 i mBallstát eile, go bhféadfar an cinneadh críochnaitheach sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a chur faoi bhráid a gcúirteanna náisiúnta mar fhianaise *prima facie* ar a laghad go ndearnadh sárú ar an dlí iomaíochta agus, más iomchuí, go bhféadfar é a mheasúnú in éineacht le haon fhianaise eile arna tabhairt ar aird ag na páirtithe.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí cúirteanna náisiúnta faoi Airteagal 267 CFAE."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9. In Airteagal 10 de Threoir 2014/104, dar teideal "Tréimhsí teorann", sonraítear an méid seo a leanas:

"1. Leagfaidh na Ballstáit síos, i gcomhréir leis an Airteagal seo, na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí teorann chun caingne le haghaidh damáistí a thionscnamh. Cinnfear leis na rialacha sin cathain a thosóidh an tréimhse theorann, fad na tréimhse sin agus na himthosca faoina mbrisfear nó faoina gcuirfear ar fionraí í.

2. Ní chuirfear tús le tréimhsí teorann go dtí go scoirfear den sárú ar an dlí iomaíochta agus go mbeidh an t-éilitheoir ar an eolas nó go bhféadfar a bheith ag súil leis go réasúnta go bhfuil sé ar an eolas faoin méid seo a leanas:

(a) an t-iompar agus gur sárú ar an dlí iomaíochta é;

(b) go ndearnadh díobháil dó de dheasca an tsáraithe ar an dlí iomaíochta; agus

(c) céannacht an tsáraitheora.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cúig bliana ar a laghad i gceist leis na tréimhsí teorann chun caingne i leith damáistí a thabhairt.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear tréimhse theorann ar fionraí nó, ag brath ar an dlí náisiúnta, go mbrisfear isteach uirthi, má dhéanann údarás iomaíochta beart chun críche imscrúdaithe nó ionchúisimh i leith sárú ar an dlí iomaíochta lena mbaineann an chaingean le haghaidh damáistí. Cuirfear deireadh leis an bhfionraíocht bliain amháin ar a luaithe tar éis don chinneadh maidir le sárú teacht chun bheith críochnaitheach nó tar éis na himeachtaí a fhoirceannadh ar dhóigh eile."

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Dlí na Seice

10. De réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, roimh theacht i bhfeidhm zákon č. 262/2017 Sb., o náhradě škody v oblasti hospodářské soutěže (Dlí Uimh. 262/2017 maidir le cúiteamh as díobháil i réimse na hiomaíochta) an 1 Meán Fómhair 2017, bhí tréimhsí teorann an chirt chun cúitimh as díobháil ar dtús, suas go dtí an 31 Nollaig 2013, á rialú ag zákon č. 513/1991 Sb., obchodní zákoník (Dlí Uimh. 513/1991 lena mbunaítear an Cód Tráchtála) agus ina dhiaidh sin, ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Lúnasa 2017, le zákon č. 89/2012 Sb., občanský zákoník (Dlí Uimh. 89/102 lena mbunaítear an Cód Sibhialta). De réir na cúirte a rinne an tarchur, is é an

difríocht idir an dá phíosa reachtaíochta sin gurb é ceithre bliana an tréimhse theorann faoin gCód Tráchtála, ach faoin gCód Sibhialta trí bliana atá sa tréimhse sin. Chun críocha na n-imeachtaí os comhair na Cúirte,[4] measann an chúirt a rinne an tarchur, arb ise amháin a bhfuil dlínse aici chun an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm, go bhfuil rialacha an Chóid Shibhialta ábhartha.

11. Luaitear an méid seo a leanas i mír 620(1) den Chód Sibhialta:

"Ar na himthosca cinntitheacha chun go dtosóidh an tréimhse theorann is infheidhme maidir leis an gceart chun cúiteamh a fháil as díobháil, áireofar eolas faoin díobháil agus faoi [chéannacht] an duine a cheanglaítear air an díobháil sin a chúiteamh. Beidh feidhm aige sin freisin, *mutatis mutandis*, chun críocha an chúitimh as an díobháil."

12. Foráiltear don mhéid seo a leanas i mír 629(1) den Chód Sibhialta:

"Tréimhse trí bliana a bheidh sa tréimhse theorann."

13. Faoi Mhír 9(1) go (3) de Dhlí Uimh. 262/2017 maidir le cúiteamh as díobháil i réimse na hiomaíochta:

'(1) Tréimhse cúig bliana a bheidh sa tréimhse theorann chun an ceart chun cúitimh as díobháil faoin Dlí seo a fheidhmiú; ní bheidh feidhm ag forálacha mhíreanna 629 agus 636 den Chód Sibhialta.

(2) Cuirfear tús leis an tréimhse theorann ar an lá a bhfuil duine lena mbaineann ar an eolas, nó ar cheart dó a bheith ar an eolas faoin díobháil, faoi [chéannacht] an duine atá faoi dhliteanas an díobháil sin a chúiteamh agus faoin srianadh ar iomaíocht, tráth nach luaithe ná an lá ar tháinig deireadh leis an srian ar iomaíocht.

(3) Stopfar an tréimhse theorann ar feadh ré an imscrúdaithe nó an nós imeachta os comhair an údaráis iomaíochta maidir leis an srian céanna ar an iomaíocht, agus ar feadh tréimhse bliana ón lá (a) a ndearnadh cinneadh críochnaitheach den chinneadh arna ghlacadh ag an údarás iomaíochta nó ag cúirt a chinn go bhfuil srian den sórt sin ann ar an iomaíocht nó (b) go bhfuil an t-imscrúdú, an nós imeachta os comhair an údaráis iomaíochta nó an nós imeachta os comhair na cúirte foirceanta ar shlí eile."

III. Na fíorais agus na príomhimeachtaí

14. Thug Heureka Group a.s. ("Heureka"), cuideachta atá ag feidhmiú ar an margadh i seirbhísí comparáide praghsanna díolacháin i bPoblacht na Seice, an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, caingean os comhair an Městský soud v Praze (Cúirt Chathrach Phrág, Poblacht na Seice), an chúirt a rinne an tarchur, le haghaidh damáistí i gcoinne Google LLC mar thoradh ar an gcinneadh ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2017 sa chás Google Search (Shopping) ['Cinneadh C(2017) 4444 final'].[5]

[4] Féach breithiúnas an 24 Iúil 2023, *Statul român* (C-107/23 PPU, EU:C:2023:606, mír 76 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[5] Cinneadh C(2017) 4444 final an 27 Meitheamh 2017 a bhaineann le nós imeachta faoi Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE [Cás AT.39740 — Cuardach Google (Shopping) (an cás "Google Shopping")].

A. Nós imeachta os comhair an Choimisiúin in 'Google Shopping' agus i gCinneadh C(2017) 4444 final

15. An 30 Samhain 2010, d'fhoilsigh an Coimisiún preaseisiúint inar luaigh sé gur thionscain sé imeachtaí i gcoinne Google ar bhonn, *inter alia*, Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 maidir le mí-úsáid fhéideartha ceannasachta i réimse na gcuardach ar líne. [6]

16. In 2013, thairg Google gealltanais don Choimisiún d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na hinstitiúide sin.

17. An 27 Bealtaine 2014, d'eisigh Sdružení pro internetový rozvoj v České republice (Comhlachas um Fhorbairt Idirlín i bPoblacht na Seice, "SPIR"), a bhfuil Heureka ina chomhalta de, preaseisiúint inar chuir sé in iúl nár aontaigh sé leis na gealltanais sin.

18. An 15 Aibreán 2015, ghlac an Coimisiún ráiteas agóidí a díríodh chuig Google, inar tháinig sé ar an gconclúid shealadach gur mí-úsáid ceannasachta a bhí sna cleachtais atá i gceist agus, dá bhrí sin, gur sháraigh siad Airteagal 102 CFAE.

19. An 14 Iúil 2016, ghlac an Coimisiún ráiteas forlíontach agóidí a díríodh chuig Google agus chuir sé tús le himeachtaí um shárú faoi Airteagal 102 CFAE i gcoinne mháthairchuideachta Google, Alphabet Inc.

20. An 27 Meitheamh 2017, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2017) 4444 final. Leis an gcinneadh sin, chinn an Coimisiún gur sháraigh Google agus Alphabet, ón am a ghlac sé seilbh ar Google, Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 den Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Dar leis an gCoimisiún, bhain Google mí-úsáid as an staid cheannasach a bhí aige in 13 mhargadh náisiúnta le haghaidh seirbhísí cuardaigh ghinearálta laistigh de LEE, lena n-áirítear margadh Phoblacht na Seice, trí thrácht a laghdú ó leathanaigh torthaí ginearálta go seirbhísí siopadóireachta comparáide iomaíocha agus trí thrácht a mhéadú go dtí a sheirbhís siopadóireachta comparáide féin, rud a d'fhéadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a bheith aige, nó ar dócha go mbeadh éifeachtaí frithiomaíocha aige, ar na 13 mhargadh náisiúnta chomhfhreagracha le haghaidh seirbhísí cuardaigh comparáide speisialaithe agus ar na margaí náisiúnta sin le haghaidh seirbhísí cuardaigh ghinearálta. [7]

21. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an sárú sin á dhéanamh ó mhí Feabhra 2013 i bPoblacht na Seice agus go raibh sé ag leanúint ar aghaidh amhail ar dháta glactha chinneadh C(2017) 4444 final, is é sin le rá, an 27 Meitheamh 2017. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cheart ordú a thabhairt do Google deireadh a chur lena iompar laistigh de 90 lá agus staonadh ó iompar den chineál céanna a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht chéanna aige. [8]

22. An 12 Eanáir 2018, foilsíodh achoimre ar Chinneadh C(2017) 4444 final in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[6] Rialachán ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir leis na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún de bhun Airteagail [101] agus [102] CFAE (IO 2004 L 123, lch. 18); IP/10/1624, https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_10_1624.

[7] Breithiúnas an 10 Samhain 2021, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)* (T-612/17, EU:T:2021:763, míreanna 55, 57, 67 agus 70).

[8] Breithiúnas an 10 Samhain 2021, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)* (T-612/17, EU:T:2021:763, míreanna 71 agus 666).

23. Trí iarratas a taisceadh i gClárlann na Cúirte Ginearálta an 11 Meán Fómhair 2017, thug Google caingean i gcoinne Chinneadh C(2017) 4444 final. Ina breithiúnas an 10 Samhain 2021 in *Google agus Alphabet* v an *Coimisiún (Google Shopping)* (T-612/17, EU:T:2021:763), chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh sin ar neamhní a mhéid amháin a chinn an Coimisiún ann go ndearna Google sárú in 13 mhargadh náisiúnta le haghaidh seirbhísí cuardaigh *ginearálta* laistigh de LEE ar bhonn éifeachtaí frithiomaíocha a bheith ann sna margaí sin agus dhiúltaigh sí do chaingean Google maidir leis an gcuid eile, *inter alia* d'fhormheas sí anailís an Choimisiúin maidir leis an margadh le haghaidh seirbhísí *speisialaithe* cuardaigh siopadóireachta comparáide.

24. Trí achomharc a dhéanamh an 20 Eanáir 2022, thaisc Google achomharc, atá ar feitheamh faoi láthair, i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta. [9]

B. Caingean náisiúnta shibhialta Heureka i leith damáistí

25. Le hiarratas an 25 Meitheamh 2020, a taisceadh an 26 Meitheamh 2020, thug Heureka caingean le haghaidh damáistí i gcoinne Google os comhair Městský soud v Praze (Cúirt Chathrach Phrág). Leis an gcaingean sin, lorgaítear cúiteamh as an díobháil a líomhnaítear a d'fhulaing Heureka mar thoradh ar mhí-úsáid ceannasachta ina raibh Google, de réir Chinneadh C(2017) 4444 final, ag gabháil dó i bPoblacht na Seice don tréimhse ó mhí Feabhra 2013 go dtí an 27 Meitheamh 2017. Dhearbhaigh Heureka go raibh Google tar éis a sheirbhís comparáide praghsanna díolacháin féin a shuíomh agus a thaispeáint san áit is fearr is féidir i measc na dtorthaí ina sheirbhísí cuardaigh ginearálta, rud a laghdaigh líon na gcuairteanna ar thairseach comparáide praghsanna díolacháin Heureka.cz.

26. Chuir Google i gcoinne na caingne sin, agus é á áitiú aige, *inter alia*, go raibh cosc ama ar an gceart chun cúitimh don tréimhse ó mhí Feabhra 2013 go dtí an 25 Meitheamh 2016 ar a laghad. [10] Tá an argóint sin bunaithe ar an toimhde go bhféadfadh céannacht an tsáraitheora a bheith ar eolas ag Heureka agus ar an bhfíoras go ndearnadh díobháil dó sular glacadh Cinneadh C(2017) 4444 final.

27. Maidir leis sin, deir Google go raibh sé soiléir go leor gurbh é oibreoir an innill cuardaigh ar a dtugtar "Google" an chuideachta Google, go háirithe mar gheall ar phreaseisiúint an Choimisiúin an 30 Samhain 2010 (mír 15 thuas).

28. Thairis sin, is é tuairim Google gur leor, i gcás ar bith, foilsiú, an 27 Bealtaine 2014, na preaseisiúna trínar léirigh SPIR a easaontas leis na gealltanais a thug Google don Choimisiún (mír 17 thuas) chun go dtosóidh an tréimhse theorann.

29. Ar na cúiseanna sin, áitíonn Google go raibh an tréimhse theorann is infheidhme sa chás seo tosaithe ó mhí Feabhra 2013, is é sin le rá, ó thús an tsáraithe ar chríoch Phoblacht na Seice agus ó thús na díobhála líomhainte, nó, ar a dhéanaí, ón 27 Bealtaine 2014, ó dháta foilsithe phreaseisiúint SPIR.

[9] Cás C 48/22 P — *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)*.

[10] Faightear an dáta sin trí thréimhse ceithre bliana a dhealú ó dháta iarratas Heureka (25 Meitheamh 2020). Murab ionann agus an chúirt a rinne an tarchur (féach mír 10 den Tuairim seo), measann Google gurb é an Cód Tráchtála an reachtaíocht náisiúnta ábhartha, faoina bhfuil an tréimhse theorann ceithre bliana (féach freisin mír 10 den Tuairim seo) ón uair a bhí an duine díobhálaithe ar an eolas, nó a d'fhéadfadh sé a bheith ar eolas, faoin díobháil agus faoi chéannacht an duine a cheanglaítear air í a chúiteamh.

30. De réir Google, ní raibh aon rud ann chun cosc a chur ar Heureka a chaingean le haghaidh damáistí a thabhairt ós rud é, le linn na n-imeachtaí a bhaineann leis an gcaingean sin, go bhféadfadh sé raon feidhme na díobhála a leathnú tríd an díobháil pháirteach a bhain dó le himeacht ama a leathnú de réir a chéile.

31. Sa chomhthéacs sin, tá amhras ar Městský soud v Praze (Cúirt Chathrach Phrág) maidir le comhoiriúnacht na seanreachtaíochta náisiúnta lena rialaítear tréimhsí teorann le hAirteagal 10(2) de Threoir 2014/104 agus, de réir mar a bheidh, le hAirteagal 102 CFAE agus le prionsabal na héifeachtachta. Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, faoi Mhír 620(1) den Chód Sibhialta, go dtosaíonn an tréimhse theorann trí bliana ag rith a luaithe atá céannacht an tsáraitheora agus an díobháil a bhain dó ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe, nó a fhéadfadh sin a bheith ar eolas aige. Maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le fios gur fulaingíodh damáiste mar thoradh ar an sárú atá i gceist, de réir léiriú an Nejvyšší soud (an Chúirt Uachtarach, Poblacht na Seice) ar Mhír 620(1) den Chód Sibhialta, is leor an t-eolas ar pháirtdhíobháil chun tús a chur leis an tréimhse theorann. Go háirithe i gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, tá an díobháil inroinnte agus is féidir gach "teagmhas nua díobhála" a agairt ar leithligh agus cuirtear tús le tréimhse theorann nua leis sin.

32. De réir na cúirte a rinne an tarchur, sa chás seo, chiallódh sé sin go mbeadh tréimhse theorann nua agus ar leithligh tosaithe le gach cuardach ginearálta a dhéantar ar shuíomh Google ónar léiríodh suíomh agus taispeáint torthaí atá níos fabhraí do sheirbhís comparáide praghsanna Google.

33. Ina theannta sin, tugann an chúirt sin dá haire, murab ionann agus Airteagal 10 de Threoir 2014/104, nach gceanglaítear leis an gCód Sibhialta go mbeadh a fhios ag an bpáirtí díobhálaithe gur sárú ar dhlí na hiomaíochta é an t-iompar i dtrácht. Níl riail sa Chód Sibhialta ach oiread faoinar féidir an tréimhse theorann a chur ar fionraí nó a bhriseadh ar feadh thréimhse an imscrúdaithe ar an iompar sin, ná riail lena gcuirtear deireadh le fionraí na teorann ar a luaithe bliain amháin tar éis don chinneadh maidir le sárú teacht chun bheith críochnaitheach.

IV. An iarraidh ar réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte

34. Sna himthosca sin, rinne Městský soud v Praze (Cúirt Chathrach Phrág) na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú le hordú an 29 Meán Fómhair 2021, a fuarthas an 30 Meán Fómhair 2021:

"(1) An gcaithfear Airteagal 21(1) de [Threoir 2014/104] agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi go mbeidh feidhm ag Treoir 2014/104, go háirithe Airteagal 10 di, go díreach nó go hindíreach, maidir le díospóid lena lorgaítear cúiteamh i ndáil leis an díobháil go léir a rinneadh de dheasca sárú ar Airteagal 102 CFAE, a thosaigh roimh an dáta a tháinig Treoir 2014/104 i bhfeidhm agus ar tháinig deireadh leis tar éis dhul in éag an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí, i gcás inar taisceadh freisin an chaingean le haghaidh damáistí tar éis dhul in éag na tréimhse don trasuí, nó sa chaoi nach mbeidh feidhm ag Airteagal 10 de Threoir 2014/104 ach amháin maidir leis an gcuid sin den iompar (agus an chuid den díobháil a thagann as sin) a tharla tar éis an dáta a tháinig Treoir 2014/104 i bhfeidhm nó, de réir mar a bheidh, tar éis dhul in éag an spriocdháta chun [an Treoir sin] a thrasuí?

(2) An gceanglaítear le brí agus cuspóir Threoir 2014/104 agus/nó Airteagal 102 CFAE agus prionsabal na héifeachtachta Airteagal 22(2) de Threoir 2014/104 a léiriú ionas gurb iad 'na bearta náisiúnta arna nglacadh de bhun Airteagal 21, seachas na bearta dá dtagraítear in [Airteagal 22][(1)]' na forálacha sin den reachtaíocht náisiúnta trínar trasuíodh Airteagal 10 de Threoir 2014/104, is é sin le rá, an dtagann Airteagal 10 de Threoir 2014/104 agus na rialacha maidir le tréimhsí teorann faoi mhír 1 nó faoi Airteagal 22(2) de Threoir 2014/104?

(3) An bhfuil an reachtaíocht náisiúnta agus a léiriú i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Threoir 2014/104 agus/nó le hAirteagal 102 CFAE agus le prionsabal na héifeachtachta má nascann sí 'eolas ar an bhfíoras go ndearnadh díobháil' — atá ábhartha do thús na tréimhse teorann suibiachtúla — le feasacht an pháirtí díobhálaithe 'i dtaobh díobháil pháirteach [teagmhais de dhíobháil] aonair', a tharlaíonn le himeacht ama le linn sárú leanúnach ar an dlí iomaíochta (mar go bhfuil cásdlí bunaithe ar an toimhde go bhfuil an t-éileamh atá i gceist ar chúiteamh i leith díobhála, ina iomláine, inroinnte), ar díobháil pháirteach í lena gcuirtear tús le tréimhsí teorann neamhspleácha, beag beann air an raibh an páirtí díobhálaithe sin ar an eolas faoin sárú iomlán ar Airteagal 102 CFAE, eadhon reachtaíocht náisiúnta agus an léiriú a thugtar uirthi lena gceadaítear go dtosóidh an tréimhse theorann don cheart chun cúitimh i leith na díobhála de dheasca an iompair fhrithiomaíoch tráth a chuirtear deireadh leis an iompar arb é a sheirbhís comparáide praghsanna a chur chun tosaigh, de shárú ar Airteagal 102 CFAE??

(4) An gcuireann Airteagal 10(2), (3) agus (4) de Threoir 2014/104 agus/nó Airteagal 102 CFAE agus prionsabal na héifeachtachta bac ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear gur trí bliana a bheidh i dtréimhse theorann shuibiachtúil, i gcás caingne le haghaidh damáistí, agus go gcuirfear tús léi an lá a bhí an páirtí díobhálaithe ar an eolas nó a bhféadfadh sé a bheith ar an eolas faoi pháirtdhíobháil agus faoi chéannacht an duine a cheanglaítear air a chúiteamh, ach nach gcuirtear san áireamh léi (i) an pointe a tháinig deireadh leis an iompar neamhdhleathach; (ii) eolas an pháirtí dhíobhálaithe gurb ionann an t-iompar agus sárú ar na rialacha iomaíochta agus, ag an am céanna (iii) nach gcuireann an tréimhse theorann trí bliana sin ar fionraí agus nach mbristear í le linn na n-imeachtaí os comhair an Choimisiúin maidir leis an sárú leanúnach ar Airteagal 102 CFAE; agus (iv) níl an riail ann go dtiocfaidh deireadh le fionraí na tréimhse teorann tráth nach luaithe ná bliain amháin tar éis don chinneadh maidir leis an sárú a bheith críochnaitheach?"

35. Le linn an nós imeachta um réamhrialú os comhair na Cúirte, chuir Heureka, Google agus an Coimisiún barúlacha i scríbhinn isteach.

36. An 22 Meitheamh 2022, is é sin le rá, tar éis chlabhsúr na coda i scríbhinn den nós imeachta sa chás seo an 21 Márta 2022, thug an Chúirt an breithiúnas in *Volvo agus DAF Trucks* (C-267/20, EU:C:2022:494; "an breithiúnas in *Volvo*"), inar thug sí rialú, *inter alia*, maidir le nádúr Airteagal 10 de Threoir 2014/104 agus maidir le hinfheidhmeacht ama na forála sin. I bhfianaise na gcosúlachtaí idir an cás sin agus an cás seo, tharraing an Chúirt aird na cúirte a rinne an tarchur ar an mbreithiúnas sin, á iarraidh uirthi an raibh sí ag iarraidh, i bhfianaise an bhreithiúnais, a hiarraidh ar réamhrialú a choimeád ar bun.

37. I litir dar dáta an 29 Meitheamh 2022, a fuarthas an 1 Iúil 2022, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl don Chúirt gur choimeád sí a hiarraidh ar réamhrialú ar bun.

38. Mar sin féin, trí theachtaireacht i scríbhinn a fuarthas sa Chúirt an 27 Meán Fómhair 2022, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl don Chúirt go raibh an chéad agus an dara ceist dá tarchur chun réamhrialú á dtarraingt siar aici ach gur choimeád sí a tríú agus a ceathrú ceist.

39. An 20 Nollaig 2022, chuir an Chúirt agus an tAbhcóide Ginearálta ceisteanna le haghaidh freagra i scríbhinn ar na páirtithe uile sna himeachtaí, ar thug na páirtithe sin uile freagra orthu. Rinne an chúirt a rinne an tarchur barúlacha maidir leis na ceisteanna sin a thaisceadh freisin; cláraíodh na barúlacha sin mar aguisín a ghabhann leis an iarraidh ar réamhrialú.

40. Bhí ionadaíocht ag na páirtithe uile freisin ag an éisteacht an 20 Márta 2023.

V. Anailís

41. Trína ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú, féachann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, lena fháil amach an féidir le Heureka, an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, a thionscain a chaingean an 26 Meitheamh 2020 agus a mheasann go ndearnadh díobháil dó de dheasca mí-úsáid ceannasachta a rinne Google idir Feabhra 2013 agus 27 Meitheamh 2017, cúiteamh a lorg fós as an díobháil a rinneadh le linn na tréimhse iomláine sin, nó an bhfuil a cheart chun cúitimh faoi chosc ama cheana féin i ndáil le cuid den tréimhse sin.

42. Tagann an cheist sin chun cinn *inter alia* toisc, roimh thrasuí Threoir 2014/104, gur cheangail dlí na Seice túsphointe na tréimhse teorann le heolas ar an díobháil agus ar an duine a rinne í, agus leis na nithe sin amháin. Dá bhrí sin, ba é an tuairim a cuireadh in iúl sa chásdlí ábhartha go raibh an díobháil go léir a thagann chun cinn le linn sárú leanúnach ar dhlí na hiomaíochta inroinnte i dteagmhais díobhála páirteacha agus gur thosaigh tréimhse theorann ar leith ag baint le gach teagmhas páirteach díobhála. Dá bhrí sin, cuireadh cosc ama ar an gceart chun cúitimh ag pointí ama ar leith agus de réir a chéile.

43. I gcomhréir leis an gcásdlí sin agus leis an tréimhse theorann trí bliana a bhí ann roimhe sin — agus má ghlactar leis, mar a líomhnaíonn Google (féach míreanna 26 go 29 thuas), go raibh a fhios ag Heureka, nó gur cheart go mbeadh a fhios aige, faoin díobháil agus faoin duine a rinne é ó thús na tréimhse a bhfuil cúiteamh á lorg aige ina leith nó, in aon chás, roimh dheireadh an tsáraithe a chinn an Coimisiún –, bheadh cosc ama cheana féin ar cheart Heureka chun cúitimh a eascraíonn as an sárú sin nuair a thionscain sé a chaingean.[11]

44. Idir an dá linn, áfach, tháinig Treoir 2014/104 i bhfeidhm, agus lena hAirteagal 10(2), cuirtear tús na tréimhse teorann infheidhme maidir le caingean le haghaidh damáistí mar gheall ar shárú ar an dlí iomaíochta faoina réir, ní hamháin go bhfuil eolas ag an éilitheoir ar phríomhghnéithe an tsáraithe sin, ach go bhfuil deireadh tagtha leis an sárú freisin.

45. Tháinig Treoir 2014/104 i bhfeidhm an 26 Nollaig 2014. Chuaigh an spriocdháta chun é a thrasuí in éag an 27 Nollaig 2016. An 1 Meán Fómhair 2017, tháinig Dlí 262/2017 maidir le cúiteamh as díobháil i réimse na hiomaíochta, lena dtrasuitear Treoir 2014/104 i ndlí na Seice, i bhfeidhm.

46. Dá bhrí sin, tá an chúirt a rinne an tarchur in amhras, ar an gcéad dul síos, faoi chur i bhfeidhm ama Airteagal 10 de Threoir 2014/104 (an chéad cheist agus an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú). Ina theannta sin, is mian léi a fháil amach an bhfuil rialacha maidir le tréimhsí teorann amhail iad siúd atá leagtha síos i ndlí na Seice roimh theacht i

[11] Dealraíonn sé go nglacann an chúirt a rinne an tarchur leis an toimhde sin mar thúsphointe toisc, cé gur mheas sí nach bhfuarthas an t-eolas go dtí tar éis dheireadh an tsáraithe an 27 Meitheamh 2017, fiú agus an tréimhse theorann trí bliana a bhí ann roimhe sin faoi Chód Sibhialta na Seice á cur i bhfeidhm, ní bheadh cosc ama fós ar an gceart a eascraíonn as an sárú atá i gceist, in aon chás, nuair a thionscain Heureka a chaingean an 26 Meitheamh 2020. Sna himthosca sin, ní bheadh aon ghá ceisteanna a chur faoin gcoinníoll nach mór deireadh a bheith curtha leis an sárú ionas go dtosóidh an tréimhse theorann.

bhfeidhm an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin ag luí le ceanglais na forála sin agus/nó le hAirteagal 102 CFAE arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta (an tríú agus an ceathrú ceist a tharchuirtear chun réamhrialú).

47. Sa bhreithiúnas in *Volvo*, shoiléirigh an Chúirt cheana féin gnéithe áirithe de chur i bhfeidhm ama Airteagal 10 de Threoir 2014/104. Is ar an gcúis sin a chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl don Chúirt go raibh a céad agus a dara ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú á dtarraingt siar aici tar éis an bhreithiúnais sin. Tá sé úsáideach, áfach, scrúdú a dhéanamh ar impleachtaí sonracha na dtorthaí a rinneadh sa bhreithiúnas in *Volvo* don chás seo (cuid B thíos).

48. Léireoidh an scrúdú sin go mbraitheann an freagra ar an gceist an féidir le Heureka cúiteamh a lorg fós as an díobháil a fulaingíodh le linn thréimhse iomlán an tsáraithe an raibh an cosc ama cheana féin faoin dlí náisiúnta i ndáil le cuid den tréimhse sin nuair a chuaigh an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí in éag. Tá freagra na ceiste sin ag brath, ina dhiaidh sin, ar cé acu, roimh dhul in éag an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí, a lean sé cheana féin ó Airteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, nach bhféadfaí a fhoráil le dlíthe náisiúnta go gcuirfí tús leis an tréimhse theorann sular tháinig deireadh le sárú leanúnach ar dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh. Freagraíonn an cheist sin, go bunúsach, don tríú ceist agus do phointe (i) den cheathrú ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú. Sa chomhthéacs sin, ní mór breithniú a dhéanamh freisin ar phointí (ii), (iii) agus (iv) den cheathrú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, a bhaineann le comhoiriúnacht gnéithe eile de na seanrialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann le dlí an Aontais Eorpaigh (cuid C thíos).

49. Sula rachfar i ngleic leis na hábhair sin, áfach, tagann réamhshaincheist chun cinn: sa chás seo, murab ionann agus an cás a bhí i gceist sa bhreithiúnas in *Volvo*[12] agus an t-ordú sna cásanna in *Deutsche Bank*,[13] níl Cinneadh C(2017) 4444 final ón gCoimisiún, ar a bhfuil Heureka ag brath chun a léiriú gurb ann don sárú a rinne dochar dó agus fad an tsáraithe sin, críochnaitheach go fóill (féach míreanna 23 agus 24 thuas). Tarraingítear anuas leis sin an féidir leis an gcúirt náisiúnta brath, mar sin féin, ar an gcinneadh sin chun críocha an sárú atá i gceist agus fad an tsáraithe sin a shuíomh agus chun an tréimhse theorann sna príomhimeachtaí a chinneadh, nó an bhfuil sé d'oibleagáid uirthi bac a chur ar an gcás sin go dtí go mbeidh an cinneadh sin críochnaitheach. Ós rud é gur faoin gCúirt atá sé, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE lena bhforáiltear do chomhar leis na cúirteanna náisiúnta, freagra a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur, freagra a bheidh úsáideach di agus a chuirfidh ar a cumas an cás os a comhair a chinneadh, ní mór an réamhshaincheist[14] sin a shoiléiriú sula mbreithneofar an cheist a tharchuir an chúirt náisiúnta le haghaidh réamhrialú (cuid A thíos).

A. Réamhshaincheist: an féidir leis an gcúirt náisiúnta brath ar chinneadh ón gCoimisiún nach bhfuil críochnaitheach go fóill?

50. Faoi Airteagal 2(12) de Threoir 2014/104, is éard is "cinneadh críochnaitheach maidir le sárú" ann cinneadh maidir le sárú nach féidir achomharc a dhéanamh ina aghaidh ar ghnáthmhodhanna, nó nach féidir achomharc a dhéanamh ina aghaidh a thuilleadh.

[12] An breithiúnas in *Volvo*, mír 18.

[13] Ordú an 6 Márta 2023, *Deutsche Bank (Cairtéal — díorthaigh ráta úis Euro)* (C-198/22 agus C-199/22, EU:C:2023:166, mír 19).

[14] Féach breithiúnas an 10 Feabhra 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (an tréimhse theorann)* (C-219/20, EU:C:2022:89, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51. Níl Cinneadh C(2017) 4444 final críochnaitheach fós de réir bhrí na forála sin, ós rud é go bhfuil sé ina ábhar caingne le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte Ginearálta, a bhfuil agóid á déanamh ina aghaidh faoi láthair os comhair na Cúirte Breithiúnais in *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)* (T-612/17 EU:T:2021:763) (míreanna 23 agus 24 thuas).

52. An gcuireann sé sin cosc ar an éilitheoir agus ar an gcúirt náisiúnta brath ar chinntí an chinnidh ón gCoimisiún, go háirithe maidir leis an sárú a bheith ann agus fad an tsáraithe?

53. Ní dóigh liom é.

54. Dá bhrí sin, fiú cinneadh nach cinneadh críochnaitheach fós é, ina gcinneann an Coimisiún gur sáraíodh dlí na hiomaíochta, tá éifeacht cheangailteach aige fad is nár cuireadh ar neamhní é (roinn 1). Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé na conclúidí iomchuí a bhaint as sin sna himeachtaí os a comhair agus a mheas, i gcás inarb iomchuí, an gcaithfidh sí bac a chur ar na himeachtaí go dtí go mbeidh cinneadh an Choimisiúin críochnaitheach, gan oibleagáid a bheith uirthi déanamh amhlaidh (roinn 2). Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an cheist sin i dtaobh an féidir leis an gcúirt náisiúnta brath ar chinneadh ón gCoimisiún nach cinneadh críochnaitheach é agus an cheist an gá an tréimhse theorann a chur ar fionraí i gcás den sórt sin (féach, i ndáil leis sin, míreanna 132 go 138 thíos).

1. Cineál ceangailteach cinnidh ón gCoimisiún nach bhfuil críochnaitheach go fóill

55. Glactar leis, i bprionsabal, go bhfuil bearta institiúidí an Aontais Eorpaigh dleathach agus dá réir sin tá éifeachtaí dlíthiúla acu go dtí go ndéanfar iad a neamhniú nó a tharraingt siar. [15]

56. Fágann an prionsabal sin freisin go bhfuil oibleagáid ann a aithint go bhfuil na bearta sin go hiomlán éifeachtach fad nár dhearbhaigh an Chúirt iad a bheith neamhbhailí agus a n-infhorfheidhmitheacht a aithint mura rud é go bhfuil cinneadh déanta ag an gCúirt oibriú na mbeart sin a chur ar fionraí. [16]

57. Is fíor, de bhun an cheathrú mír d'Airteagal 288 CFAE, nach bhfuil cinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún ina cheangal ach orthu siúd chuig a ndíreofar é, má shonraíonn sé cé hiad. Glactar leis, áfach, gur féidir éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha a bheith ag cinneadh den sórt sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna tríú páirtithe má tá siad dá gcúram go díreach agus go leithleach agus má tá athrú ar leith ar a seasamh dlí mar thoradh air. [17]

58. Ós rud é go mbíonn éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag cinneadh den sórt sin dóibh siúd ar a bhfuil sé dírithe agus do thríú páirtithe a bhfuil sé dá gcúram go díreach agus go leithleach ar bhonn an tsáraithe de réir mar a leagtar amach sa chinneadh sin, ní mór do thríú páirtithe eile amhail Heureka agus an chúirt a rinne an tarchur a bheith in ann brath freisin ar an méid a

[15] Breithiúnais an 15 Meitheamh 1994, *an Coimisiún* v *BASF agus Eile* (C-137/92 P, EU:1994:247, mír 48); an 14 Nollaig 2000, *Masterfoods and HB* (C-344/98, EU:C:2000:689, mír 53); agus an 5 Deireadh Fómhair 2004, *an Coimisiún* v *an Ghréig* (C-475/01, EU:C:2004:585, mír 18).

[16] Breithiúnais an 7 Meitheamh 1988, *an Coimisiún* v *an Ghréig* (63/87, EU:C:1988:285, mír 10), agus an 21 Meán Fómhair 1989, *Hoechst v an Coimisiún* (46/87 agus 227/88, EU:1989:337, mír 64).

[17] Féach, mar shampla, breithiúnais an 28 Eanáir 1986, *Cofaz* v *an Coimisiún* (C-169/84, EU:C:1986:42, mír 24); an 31 Márta 1998, *an Fhrainc agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-68/94 agus C-30/95, EU:C:1998:148, míreanna 48 go 58); agus an 29 Meitheamh 2010, *an Coimisiún v Alrosa* (C-441/07 P, EU:C:2010:377, mír 90); féach freisin breithiúnas an 11 Iúil 1996, *Métropole télévision agus páirtithe eile v an Coimisiún* (T-528/93, T-542/93, T-543/93 agus T-546/93, EU:T:1996:99, míreanna 59 go 64), agus ordú an 18 Meán Fómhair 2006, *Wirtschaftskammer Kärnten agus best connect Ampere Strompool v an Coimisiún* (T-350/03, EU:T:2006:257, mír 54).

leagtar síos sa chinneadh, ar choinníoll nár cuireadh ar neamhní é. Eascraíonn an oibleagáid atá ar na húdaráis náisiúnta agus ar na cúirteanna náisiúnta chun toimhde dlíthiúlachta chinntí an Choimisiúin a urramú freisin as prionsabal an chomhair dhílis faoi Airteagal 4(3) CAE. [18]

59. Thairis sin, i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 1/2003, nuair a thugann na cúirteanna náisiúnta rialú ar chomhaontuithe, cinntí nó cleachtais faoi Airteagal 101 nó 102 CFAE atá faoi réir cinneadh ón gCoimisiún cheana féin, ní féidir leo cinntí a dhéanamh a thagann salach ar an gcinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún. Ní leagtar síos leis an bhforáil sin ceanglas gur cinneadh críochnaitheach a bheidh i gcinneadh den sórt sin.

60. Ar an bpointe sin, tá sé éagsúil le hAirteagal 9 de Threoir 2014/104, lena dtugtar luach cruthúnais do chinntí na n-údarás iomaíochta náisiúnta i gcás inar cinntí críochnaitheacha na cinntí sin, agus sa chás sin amháin. [19] Tá údar leis an difríocht sin, áfach, mar gheall ar thosaíocht dhlí an Aontais Eorpaigh agus ar chineál ceangailteach na gcinntí a thugann institiúidí an Aontais Eorpaigh. [20]

61. Is fíor, i mír 42 dá breithiúnas in *Sumal*, [21] gur chinn an Chúirt, chun eintiteas dlíthiúil laistigh d'aonad eacnamaíoch a chur faoi dhliteanas i leith sárú ar an dlí iomaíochta, gur ghá a chruthú trí bhíthin cinneadh *críochnaitheach* [22] ón gCoimisiún go ndearna eintiteas dlíthiúil amháin ar a laghad a bhaineann leis an aonad eacnamaíoch sin sárú den sórt sin nó an sárú sin a shuí go neamhspleách i gcás nach ndearna an Coimisiún aon chinneadh maidir le sárú a bheith ann.

62. Mar sin féin, ní cosúil go leanann sé nach féidir le páirtí díobhálaithe nó cúirt náisiúnta brath ar chinntí cinnidh ón gCoimisiún atá tagtha chun bheith críochnaitheach, agus orthu sin amháin. Dá mba amhlaidh an cás, chiallódh sé sin go gceanglófaí ar an éilitheoir, i ngach cás, fanacht go dtí deireadh na n-imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh ar chinneadh an Choimisiúin chun brath ar an méid a chinntear ann. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé ródheacair do dhaoine díobhálaithe a gceart chun cúitimh a fheidhmiú faoi Airteagail 101 agus 102 CFAE, go háirithe ós rud é nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh an dearbhthréimhse theorann is infheidhme maidir leis an gceart sin dul in éag sula gcuirfí na himeachtaí breithiúnacha i gcrích. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach bhféadfadh na páirtithe caingne a thabhairt bunaithe ar chinneadh lena suitear go ndearnadh sárú ar rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh. [23]

2. An bhfuil oibleagáid ann bac a chur ar na príomhimeachtaí?

63. Deimhnítear go bhfuil cinneadh de chuid an Choimisiúin, nach bhfuil críochnaitheach go fóill, ina cheangal, i bprionsabal, leis an bhfíoras, de bhun an tríú habairt d'Airteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 1/2003, go ndearbhaítear gur faoi mheasúnú na cúirte náisiúnta atá sé bac a chur ar na himeachtaí náisiúnta in imthosca den sórt sin. Mura mbeadh cúirt den sórt sin in ann brath ar chinneadh ón gCoimisiún nach cinneadh críochnaitheach é fós, bheadh bac ar a himeachtaí ina iarmhairt uathoibríoch ar chineál neamhchríochnaitheach an chinnidh.

[18] Féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Samhain 2013, *Deutsche Lufthansa* (C-284/12, EU:C:2013:755, mír 41).

[19] Féach freisin, chuige sin, maidir leis an staid roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2014/104, breithiúnas an 20 Aibreán 2023, *Repsol Comercial de Productos Petrolíferos* (C-25/21, EU:C:2023:298, míreanna 61 go 63), agus mo Thuairim in *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:32, mír 93).

[20] Féach, chuige sin, mo Thuairim in *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:32, mír 96).

[21] Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, Sumal, (C-882/19, EU:C:2021:800).

[22] Béim curtha leis.

[23] Féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2019, *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:263, mír 52).

64. Go sonrach, leanann sé fiú ó struchtúr Airteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 1/2003 go ndealraíonn sé go raibh an fhéidearthacht na himeachtaí náisiúnta a fhionraí ar intinn ag an reachtas go háirithe sa chás nach bhfuil cinneadh glactha go fóill ag an gCoimisiún ach go bhfuil cinneadh beartaithe aige amháin.[24] Cé nach bhfeicim cén fáth a bhféadfadh sé nach mbeadh bac ar imeachtaí úsáideach freisin, de réir mar a bheidh, mura gá sin i gcás nach bhfuil cinneadh ón gCoimisiún críochnaitheach go fóill, cuirtear béim bhreise leis an struchtúr sin, áfach, ar chineál neamh-uathoibríoch bac ar imeachtaí i gcás den sórt sin.

65. Ní chuirtear toirmeasc ach oiread le Treoir 2014/104 ar chúirt náisiúnta leanúint dá himeachtaí i gcás ina bhfuil nós imeachta maidir leis an sárú céanna ar siúl os comhair an Choimisiúin. Tá na himeachtaí maidir le forfheidhmiú poiblí agus príobháideach dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh comhlántach agus féadfar, i bprionsabal, iad a chur i gcrích ag an am céanna.[25] Ní mór feidhm a bheith aige sin freisin i gcás ina bhfuil clabhsúr curtha leis an nós imeachta os comhair an Choimisiúin ach go bhfuil imeachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar a chinneadh fós ar siúl os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh.

66. Mar a áitíonn an Coimisiún, bheadh fadhb ag baint le hoibleagáid ghinearálta bac a chur ar na himeachtaí náisiúnta gnóthais a spreagadh ar chinn an Coimisiún gur sháraigh sé rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh chun caingean a thabhairt i gcoinne an chinnidh agus ansin achomharc a dhéanamh in aghaidh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta agus gan d'aidhm leis sin ach moill a chur ar an gceartas aisiríoch a sheirbheáil.

67. Agus measúnú á dhéanamh aici an bhfuil sé riachtanach nó iomchuí bac a chur ar imeachtaí a bhaineann le héileamh ar dhamáistí sa bhreis ar chinneadh ón gCoimisiún nach bhfuil críochnaitheach go fóill, ní mór don chúirt náisiúnta, ar an gcéad dul síos, barainneacht an nós imeachta agus a dualgas maidir le comhar dílis le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh, agus féadfaidh sí, i gcás inarb iomchuí, argóint a dhéanamh i bhfabhar bac a chur ar imeachtaí.

68. Ar an dara dul síos, ní mór aird a thabhairt ar an gcaoi chéanna ar cheart an éilitheora chun leigheas éifeachtach a fháil agus ar cheart an chosantóra chun deimhneachta dlíthiúla, rud a d'fhéadfadh argóint a dhéanamh i bhfabhar an ghá atá leis an díospóid náisiúnta a réiteach laistigh de thréimhse réasúnta ama.[26] Sa chomhthéacs sin, ní mór a chur san áireamh, *inter alia*, an riosca go rachadh an dearbhthréimhse theorann in éag le linn an bhaic ar imeachtaí, nó go deimhin le linn na n-imeachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh atá faoi chonspóid os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh, is é sin le rá, an féidir a bheith ag súil le cinneadh críochnaitheach sna himeachtaí sin go luath, chomh maith leis an measúnú féin a

[24] Féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *RegioJet* (C-57/21, EU:C:2023:6, mír 64); Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 1/2003: "nuair a thugann cúirteanna náisiúnta rialú ar chomhaontuithe, cinntí nó cleachtais faoi Airteagal [101] nó [102 CFAE] atá faoi réir cinneadh ón gCoimisiún cheana féin, ní féidir leo cinntí a ghlacadh a thagann salach ar an gcinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún. Ní mór dóibh freisin gan cinntí a thabhairt a bheadh ag teacht salach ar chinneadh atá beartaithe ag an gCoimisiún in imeachtaí atá tionscanta aige. *Chuige sin*, féadfaidh an chúirt náisiúnta a mheas an gá bac a chur ar a himeachtaí. Tá an oibleagáid sin gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí faoi Airteagal [267 CFAE]". Béim curtha leis.

[25] Féach breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *RegioJet* (C-57/21, EU:C:2023:6, míreanna 65 agus 66), agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Szpunar in *RegioJet* (C-57/21, EU:C:2022:363, míreanna 45 agus 46).

[26] Féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Feabhra 2022, *Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (an tréimhse theorann)* (C-219/20, EU:C:2022:89, mír 45). Féach freisin, *mutatis mutandis*, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Ćapeta in *DB Station & Service* (C-721/20, EU:C:2022:288, mír 88).

dhéanfaidh an chúirt náisiúnta ar bhailíocht an chinnidh ón gCoimisiún. I gcás ina bhfuil amhras ann ina leith sin, ní mór don chúirt náisiúnta ceist a tharchur chuig an gCúirt chun réamhrialú a fháil. [27]

69. Gné amháin eile a fhéadfar a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh an iomchuí bac a chur ar imeachtaí is ea leigheas urghnách dlí a bheith ann, nó gan bheith ann, faoin dlí náisiúnta, lena gceadaítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh a tugadh sna himeachtaí a bhaineann le cúiteamh as díobháil a athbhreithniú. Is cosúil nach bhfuil ceanglas ginearálta i ndlí an Aontais Eorpaigh chun leigheas urghnách den sórt sin a thabhairt isteach; [28] sa chás seo, áfach, de réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, is ann do cheann i ndlí na Seice.

70. Is é is toradh air sin ar fad, fiú mura bhfuil sé críochnaitheach go fóill, go bhfuil éifeacht cheangailteach ag cinneadh ón gCoimisiún lena gcinntear sárú, amhail Cinneadh C(2017) 4444 final, i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí amhail an chaingean sin sna príomhimeachtaí. Dá bhrí sin, féadfaidh an chúirt a rinne an tarchur brath ar an gcinneadh sin chun a shuí an ann don sárú a líomhnaítear a rinne an díobháil i gceist agus chun a shuíomh cé chomh fada is a mhair sé. Tá an méid sin gan dochar do chumhacht na cúirte sin bac a chur ar na himeachtaí os a comhair má mheasann sí gur cuí déanamh amhlaidh i bhfianaise imthosca an cháis ar leith.

B. An chéad cheist agus an dara ceist le haghaidh réamhrialú: impleachtaí na gcinntí sa bhreithiúnas in Volvo don chás seo

71. Leis an gcéad cheist agus an dara ceist a tharchuirtear chun réamhrialú a fháil, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur a mhéid atá Airteagal 10 de Threoir 2014/104, a bhaineann le tréimhsí teorann, infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí. Eascraíonn an freagra ar na ceisteanna sin as cinntí na Cúirte sa bhreithiúnas in *Volvo*. Cé go bhfuil na ceisteanna tarraingthe siar ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní mór impleachtaí an bhreithiúnais sin don chás seo a shoiléiriú chun freagra úsáideach a thabhairt don chúirt sin.

72. Faoi Airteagal 22(1) de Threoir 2014/104, áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh feidhm chúlghabhálach ag na bearta náisiúnta arna nglacadh chun forálacha substainteacha na Treorach sin a chomhlíonadh.

73. De réir an bhreithiúnais in *Volvo*, is foráil shubstainteach é Airteagal 10 de Threoir 2014/104 de réir bhrí Airteagal 22(1) den Treoir sin. [29]

74. Chun infheidhmeacht ama Airteagal 10 de Threoir 2014/104 a chinneadh, is gá, dá bhrí sin, a fháil amach ar tháinig an staid i dtrácht chun cinn roimh dhul in éag an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí nó an bhfuil éifeachtaí fós aici tar éis don teorainn ama sin dul in éag. [30]

[27] Féach, go háirithe, breithiúnas an 22 Deireadh Fómhair 1987, *Foto-Frost* (314/85, EU:C:1987:452, míreanna 12 go 20). Féach freisin, i gcás ina bhfuil amhras ann maidir le bailíocht nó léiriú an chinnidh ón gCoimisiún, breithiúnais an 1 Lúnasa 2022, *Daimler (Cairtéil – Trucailí bailithe dramhaíola)* (C-588/20, EU:C:2022:607, míreanna 27 go 36), agus an 25 Feabhra 2021, *VodafoneZiggo Group* v *an Coimisiún* (C-689/19 P, EU:C:2021:142, mír 144).

[28] Féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2015, *Târşia* (C-69/14, EU:C:2015:662, míreanna 28, 29 agus 38 go 41).

[29] An breithiúnas in *Volvo*, míreanna 43 go 47.

[30] An nreithiúnas in *Volvo*, mír 48.

75. Chuige sin, is gá a fháil amach an bhfuil an tréimhse theorann is infheidhme maidir leis an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí imithe in éag ar dháta éaga an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, eadhon an 27 Nollaig 2016, rud a chiallaíonn go gcaithfear a chinneadh cathain a thosaigh an tréimhse theorann sin. [31]

76. Sa chás seo, éilíonn Heureka cúiteamh as an díobháil a líomhnaítear a bhain dó mar gheall ar mhí-úsáid ceannasachta inar ghlac Google páirt, de réir Chinneadh C(2017) 4444 final, thar an tréimhse ó mhí Feabhra 2013 go dtí an 27 Meitheamh 2017.

77. Sna himthosca sin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir tréimhse an tsáraithe a tharla tar éis dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí (roinn 1) agus an tréimhse a bhí ann roimh dhul in éag na teorann ama sin (roinn 2).

1. Tréimhse an tsáraithe a tharla tar éis dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí

78. An chuid den sárú a tharla tar éis dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, is é sin le rá, ón 27 Nollaig 2016 go dtí an 27 Meitheamh 2017, tagann sí faoi raon feidhme ama Airteagal 10 den Treoir sin.

79. Ina theannta sin, ó dhul in éag an spriocdháta don trasuí, ní mór don chúirt náisiúnta, a mhéid is féidir, an dlí náisiúnta a léiriú i bhfianaise dhlí an Aontais Eorpaigh, gan, áfach, na forálacha náisiúnta sin a léiriú *contra legem*. [32]

80. I ndáil leis sin, de réir na míniúchán a thug an chúirt a rinne an tarchur, is é cásdlí Chúirt Uachtarach na Seice a léiríonn an "eolas ar an díobháil", ar ceanglas é faoin gCód Sibhialta chun túsphointe na tréimhse teorann a chinneadh, amhail, chun críoch túsphointe tréimhse teorann suibiachtúla, go bhfuil sé ábhartha, go bhfuil eolas ar theagmhas páirteach díobhála fiú, arb é sárú leanúnach ar an dlí iomaíochta is cúis leis.

81. Ina theannta sin, leis an oibleagáid an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh, ceanglaítear ar chúirteanna náisiúnta cásdlí bunaithe a athrú, i gcás inar gá, má tá sé bunaithe ar léiriú ar an dlí náisiúnta atá ar neamhréir le cuspóirí dhlí an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní féidir le cúirt náisiúnta a mheas go bailí go bhfuil sé dodhéanta di foráil den dlí náisiúnta a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí an Aontais Eorpaigh ar an gcúis amháin go ndearnadh an fhoráil sin a léiriú go comhsheasmhach ar bhealach atá ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh. [33]

82. I gcomhréir leis na critéir sin, faoi réir a fhíoraithe ag an gcúirt a rinne an tarchur, dealraíonn sé nach bhfuil sé dodhéanta an dlí náisiúnta a léiriú i gcomhréir le ceanglais dhlí an Aontais Eorpaigh.

[31] An breithiúnas in *Volvo*, mír 49.

[32] An breithiúnas in *Volvo*, mír 52.

[33] Féach breithiúnas an 3 Meitheamh 2021, *Instituto Madrileño de Investigación y Desarrollo Rural, Agrario y Alimentario* (C-726/19, EU:C:2021:439, mír 86 agus an cásdlí dá dtagraítear).

83. Dá bhrí sin, i ndáil leis an díobháil a rinneadh le linn na coda sin den sárú, ní féidir gur thosaigh an tréimhse theorann sular comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10 de Threoir 2014/104, eadhon, go háirithe, go bhfuil deireadh tagtha leis an sárú agus go bhfuil an t-éilitheoir ar an eolas faoi phríomhghnéithe an tsáraithe sin.

84. De réir an bhreithiúnais in *Volvo*, cé nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh na gnéithe bunriachtanacha chun caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh a bheith ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe i bhfad sula bhfoilseofar achoimre ar chinneadh ón gCoimisiún *in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is ón bpointe ama sin is féidir a mheas go réasúnta go raibh an páirtí díobhálaithe ar an eolas faoi na gnéithe bunriachtanacha chun a chaingean a thionscnamh. [34]

85. Sa chás seo, áfach, áitíonn Google go raibh Heureka ar an eolas cheana féin faoi phríomhghnéithe an tsáraithe sular foilsíodh an achoimre ar Chinneadh C(2017) 4444 final san *Iris Oifigiúil* an 12 Eanáir 2018. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh an é sin an cás. In aon chás, fiú sa chás sin, ní féidir tús a chur leis an tréimhse theorann le haghaidh thréimhse an tsáraithe a tharla tar éis dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí an 27 Nollaig 2016 roimh dheireadh an tsáraithe sin. De réir Chinneadh C(2017) 4444 final, is é an 27 Meitheamh 2017 an dáta deiridh. Níl aon rud ann, áfach, chun cosc a chur ar an gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh, i gcás inarb iomchuí, gur faide an sárú sin ná mar a fuarthas i gCinneadh C(2017) 4444 final, ar choinníoll go bhfuil sé sin cruthaithe go cuí. [35]

86. Sa chomhthéacs sin, is fiú a chur in iúl nach féidir aon amhras a bheith ann gurb é an tráth a "scoirfear den sárú", de réir bhrí Airteagal 10(2) de Threoir 2014/104, i gcás ina mairfidh an sárú aonair leanúnach céanna thar thréimhse áirithe ama, an tráth a thiocfaidh deireadh leis an sárú aonair leanúnach céanna ina iomláine.

87. Is fíor nach luaitear an pointe sin go sainráite san fhoráil sin, murab ionann agus, mar a thugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, an méid a bhí sa togra tosaigh ón gCoimisiún. [36]

88. Mar sin féin, seachas é a bheith ar intinn aige an bhrí sin a fhreaschur, is cosúil go ndéanann an t-athrú sin foclaíocht na forála a shimpliú. Is é an t-am a 'scoirtear' de shárú, i gcás sárú aonair leanúnach, ná an t-am a thagann deireadh leis ina iomláine. Murarbh amhlaidh, ba ghá tagairt a dhéanamh don tráth "a rinneadh an sárú", mar atá in Airteagal 25(2) de Rialachán Uimh. 1/2003, ina sonraítear "tosóidh an tréimhse theorann ar an lá a rinneadh an sárú", ach amháin 'i gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, [ar ina leith] nach gcuirfear tús leis an tréimhse theorann go dtí an lá a dtiocfaidh deireadh leis an sárú'.

89. Thairis sin, in Airteagal 2(1) de Threoir 2014/104, sainmhínítear "sárú ar an dlí iomaíochta" mar "s[h]árú ar Airteagal 101 nó ar Airteagal 102 [CFAE], nó ar an dlí iomaíochta náisiúnta", lenar féidir argóint a dhéanamh i bhfabhar choincheap an tsáraithe a léiriú chun críche an Treoir a chur i bhfeidhm ar bhonn an chásdlí a bhaineann leis na forálacha sin. I gcomhréir leis an gcásdlí sin, nuair is cuid de phlean foriomlán iad sraith gníomhartha nó iompair leanúnaigh toisc go

[34] Breithiúnas in *Volvo*, míreanna 64 go 71.

[35] De réir Heureka, níor chuir Google deireadh leis an iompar a ndearnadh gearán faoi go dtí an 27 Meán Fómhair 2017. Tá an t-éileamh sin bunaithe, *inter alia*, ar an bhfíoras gur chinn an Coimisiún, sa dara mír d'Airteagal 1 de Chinneadh C(2017) 4444 final, go raibh an sárú fós ar bun ar an dáta a glacadh an cinneadh sin, ach in Airteagal 3, d'ordaigh sé do Google deireadh a chur leis an sárú sin laistigh de 90 lá ó dháta fógartha an Chinnidh. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé measúnú a dhéanamh ar an éileamh sin, agus dáta iarbhír an fhógra maidir le Cinneadh C(2017) 4444 final an 30 Meitheamh 2017 á chur san áireamh, de réir mar a bheidh, (de réir éilimh Google ina chaingean in aghaidh an chinnidh sin), agus dáta deiridh beacht an tsáraithe a chinneadh.

[36] Féach Airteagal 10(3) den Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh an 11 Meitheamh 2013, COM(2013) 404 final.

saobhann a gcuspóir comhionann an iomaíocht, is sárú aonair leanúnach [37] é sin (nó, de réir mar a bheidh, sárú aonair agus athfhillteach [38]). Leis an gcoincheap sin, ceadaítear don Choimisiún fíneáil a ghearradh i leith thréimhse iomlán an tsáraithe a cuireadh san áireamh agus cinntear an dáta ar cuireadh tús leis an tréimhse theorann, eadhon an dáta ar ar tháinig deireadh leis an sárú leanúnach. [39]

90. Sa chás seo, leanann sé as Cinneadh C(2017) 4444 final gur cuireadh tús leis an sárú, i bPoblacht na Seice, i mí Feabhra 2013 agus go raibh sé fós ar bun nuair a glacadh an cinneadh sin (mír 21 thuas). Is fíor nach ndearna an Coimisiún an sárú sin a aicmiú go sainráite mar "shárú aonair agus leanúnach" de réir bhrí an chásdlí thuasluaite. Caithfidh sé gurb amhlaidh sin toisc go n-úsáidtear an coincheap sin go príomha chun aontacht agus leanúnachas sáruithe ar Airteagal 101 CFAE a léiriú, sáruithe a rinne roinnt gnóthas agus a bhfuil roinnt eilimintí i gceist leo.

91. Is léir anseo, áfach, gan é a bheith riachtanach úsáid shainráite a bhaint as an gcoincheap sin, gurb éard a bhí sa sárú ar Airteagal 102 CFAE, arna dhéanamh ag gnóthas aonair, iompar leanúnach lena saothraítear cuspóir agus aidhm eacnamaíoch aonair, eadhon an suíomh agus an taispeáint níos fabhraí a choimeádann Google ina leathanaigh ghinearálta torthaí cuardaigh dá sheirbhís siopadóireachta comparáide féin d'fhonn trácht chuig an tseirbhís comparáide sin a mhéadú chun aimhleas seirbhísí comparáide siopadóireachta iomaíocha. [40] Dá bhrí sin, ní féidir deireadh a bheith leis an sárú go dtí an tráth ar tháinig deireadh leis an iompar leanúnach ina iomláine.

92. Go hachomair, a mhéid a bhaineann leis an tréimhse tar éis don spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí dul in éag an 27 Nollaig 2016, ní féidir tús a chur leis an tréimhse theorann roimh dheireadh an tsáraithe mar a chinn an Coimisiún, is é sin le rá, an 27 Meitheamh 2017, ach amháin má chinneann an chúirt a rinne an tarchur gur tháinig deireadh leis an sárú ar dháta níos déanaí.

2. Tréimhse an tsáraithe a tharla roimh dhul in éag an spriocdháta ama chun Treoir 2014/104 a thrasuí

93. Os a choinne sin, maidir le tréimhse an tsáraithe a rinneadh roimh dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, is é sin le rá an tréimhse idir Feabhra 2013 agus 27 Nollaig 2016, is le rialacha an dlí náisiúnta a chinntear an *dies a quo* sa tréimhse theorann. [41]

94. Mar a luaigh mé, *inter alia*, i míreanna 42 agus 43 thuas, de réir na faisnéise a chuir an chúirt a rinne an tarchur ar fáil, roimh thrasuí Threoir 2014/104, cuireadh tús leis an tréimhse theorann trí bliana dá bhforáiltear i gCód Sibhialta Phoblacht na Seice a luaithe a bhí an duine díobhálaithe ar an eolas faoin díobháil agus faoin duine a rinne an díobháil, gan é a bheith riachtanach, de réir na cúirte a rinne an tarchur, fanacht go dtí deireadh an tsáraithe amhail an sárú atá i gceist sa chás

[37] Breithiúnais an 8 Iúil 1999, *an Coimisiún* v *Anic Partecipazioni* (C-49/92 P, EU:C:1999:356, mír 81); an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, EU:C:2004:6, mír 258); agus an 6 Nollaig 2012, *an Coimisiún* v *Verhuizingen Coppens* (C-441/11 P, EU:C:2012:778, mír 41).

[38] Breithiúnais an 17 Bealtaine 2013, *Trelleborg Industrie agus Trelleborg* v *an Coimisiún* (T-147/09 agus T-148/09, EU:T:2013:259, mír 88), agus an 16 Meitheamh 2015, *FSL agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (T-655/11, EU:T:2015:383, míreanna 484 agus 498).

[39] Breithiúnas an 17 Bealtaine 2013, *Trelleborg Industrie agus Trelleborg* v *an Coimisiún* (T-147/09 agus T-148/09, EU:T:2013:259, mír 62).

[40] Féach breithiúnas an 10 Samhain 2021, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)* (T-612/17, EU:T:2021:763, míreanna 68 agus 69).

[41] Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Volvo*, mír 50.

seo. Measadh go raibh an díobháil a raibh sárú den sórt sin ina chúis léi inroinnte agus dá bhrí sin gur thosaigh tréimhsí teorann éagsúla ag rith de réir a chéile. I gcomhréir leis an gcásdlí sin, bhí cosc ama ar chuid de cheart Heureka chun cúitimh sula ndeachaigh an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí in éag.

95. Mar sin féin, chun a chinneadh an féidir feidhm a bheith ag na rialacha náisiúnta sin sa cháil sin maidir leis an gcuid den díobháil a mhaíonn Heureka go gcomhfhreagraíonn sí don tréimhse roimh dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, is gá scrúdú a dhéanamh an bhfuil an dlí mar a bhí sé ansin ag luí le dlí an Aontais Eorpaigh. Fiú amháin roimh Threoir 2014/104, lean sé go díreach as Airteagal 102 CFAE, i gcomhar le prionsabal na héifeachtachta, nár cheart go bhfágfadh na rialacha is infheidhme maidir le caingne chun cearta a chosaint a eascraíonn as dlí iomaíochta an Aontais Eorpaighgo mbeadh sé dodhéanta nó ródheacair na cearta sin a fheidhmiú.[42] Is í an cheist atá ann, dá bhrí sin, faoi na rialacha sin, fiú roimh Threoir 2014/104, nár cheart don tréimhse theorann chun caingean a thionscnamh i leith damáistí mar gheall ar shárú ar an dlí iomaíochta tosú sula mbeidh deireadh leis an sárú sin.

C. An tríú agus an ceathrú ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú: na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais Eorpaigh maidir leis na rialacha maidir le teorannú a bhí ann roimh an Treoir

96. An cheist sin maidir leis na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais Eorpaigh a bhaineann, *inter alia*, le tús na tréimhse teorann sular glacadh Treoir 2014/104, comhfhreagraíonn sí, go bunúsach, don tríú ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú agus do phointe (i) den cheathrú ceist a tharchuirtear (roinn 1). Ní bheidh na míreanna atá fágtha den cheathrú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú ábhartha ach amháin má thagann sé chun solais, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an gceist thuasluaite, nár ceanglaíodh le dlí an Aontais Eorpaigh a tháinig roimh an Treoir go raibh deireadh tagtha leis an sárú chun go dtosódh an tréimhse theorann (roinn2 agus 3 thíos).

1. An féidir leis an tréimhse theorann tosú sula dtiocfaidh deireadh leis an sárú? (an tríú ceist agus mír (i) den cheathrú ceist)

97. I míreanna 50 *et seq*. den bhreithiúnas in *Volvo*, go háirithe i míreanna 56 agus 61, chinn an Chúirt, i ndáil le cás faoi rialú an dlí náisiúnta a bhí ann roimh an Treoir, nach féidir le tréimhsí teorann a leagtar síos sa dlí náisiúnta sin tosú sula mbeidh deireadh leis an sárú.

98. Ar an gcaoi chéanna, i míreanna 78 agus 79 den bhreithiúnas in *Manfredi agus páirtithe eile*,[43] mheas an Chúirt go bhféadfadh reachtaíocht náisiúnta faoina dtosaíonn an tréimhse theorann chun caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh ar an lá a cuireadh i bhfeidhm an cairtéal nó an cleachtas comhbheartaithe a fhágáil go mbeadh sé beagnach dodhéanta an ceart a fheidhmiú chun cúiteamh a lorg as an díobháil a rinneadh de bharr an chomhaontaithe nó an chleachtais thoirmiscthe sin, go háirithe má fhorchuireann an riail náisiúnta sin tréimhse ghearr theorann freisin nach féidir a fhionraí. De réir na Cúirte, i gcás den sórt sin, i gcás ina ndéantar sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, d'fhéadfadh sé go rachadh an tréimhse

[42] Féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Márta 2019, *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:263, míreanna 42 agus 43), agus in *Volvo*, mír 50.

[43] Breithiúnas an 13 Iúil 2006 (C-295/04 go C-298/04, EU:C:2006:461).

theorann in éag fiú sula dtiocfaidh deireadh leis an sárú, agus sa chás sin bheadh sé dodhéanta d'aon duine a d'fhulaing díobháil tar éis don tréimhse theorann dul in éag caingean a thionscnamh.

99. Tá Google agus an Coimisiún den tuairim, áfach, nach féidir na torthaí sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an cháis seo. Dá bhrí sin, murab ionann agus an breithiúnas in *Manfredi agus páirtithe eile*, anseo, níorbh fhéidir tús a chur leis an tréimhse theorann, fiú gach tréimhse theorann inroinnte, sula bhfuarthas an t-eolas comhfhreagrach. Dá bhrí sin, ní bheadh an riosca i gceist go rachadh an tréimhse in éag fiú sula bhféadfadh duine díobhálaithe cúiteamh a lorg.

100. Ina theannta sin, dar leo gur chairtéal rúnda é an sárú a bhí i gceist i gcás *Volvo*, nach bhféadfadh an t-éilitheoir sa chás sin a bheith ar an eolas faoi i gcás ar bith go dtí go raibh deireadh tagtha leis an sárú. Dá bhrí sin, ní raibh aon fhíorshuntas ag baint leis an gcoinníoll nach mór deireadh a bheith tagtha leis an sárú chun go dtosódh an tréimhse theorann i dtaca le réiteach na díospóide sa chás sin.

101. Os a choinne sin, sa chás seo, líomhnaítear gur iompar poiblí ag duine aitheanta a bhí sa sárú. Ina theannta sin, níor thosaigh an tréimhse theorann go dtí go raibh na heilimintí sin ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe agus bhí an tréimhse sin fada go leor. Dá réir sin, is cosúil nach bhfuil sé ríthábhachtach chun an ceart chun cúitimh a fheidhmiú go gcaithfidh sé go bhfuil deireadh tagtha leis an sárú sula bhféadfaidh an tréimhse theorann tosú. Is féidir leis an bpáirtí díobhálaithe méid a éileamh a choigeartú go hiomlán de réir mar a théann an t-am ar aghaidh agus a charnann díobháil.

102. Tar éis an tsaoil, i gcomhréir le cinntí na Cúirte i gCás *Cogeco Communications*,[44] ní mór aird a thabhairt ar na rialacha maidir le tréimhsí teorann ina n-iomláine chun a chinneadh an bhfágann gnéithe éagsúla na rialacha sin, nuair a mheasúnaítear le chéile iad, go bhfuil sé nach mór dodhéanta nó ródheacair an ceart chun cúitimh a fheidhmiú. Ní hé seo an cás anseo.

103. Ar deireadh, sula ndearnadh Treoir 2014/104 a thrasuí, níor chuir aon cheann de chórais dlí na mBallstát túsphointe na tréimhse teorann maidir le sárú ar an dlí iomaíochta faoi réir coinníoll go raibh deireadh leis an sárú. Leis an Treoir sin, bunaíodh staid dhlíthiúil iomlán nua i ndáil leis sin, nach féidir na ceanglais a bhaineann léi a ionannú leo siúd, a bhí i bhfeidhm roimhe sin, faoi phrionsabal na héifeachtachta. Dá ndéanfaí coinníoll den sórt sin a fhorchur sula gcuirfí an Treoir chun feidhme, bheadh an baol ann go dtabharfaí éifeacht dhíreach chothrománach idir daoine aonair don Treoir sin, rud a bheadh bunoscionn le cásdlí seanbhunaithe.[45]

104. Ní féidir glacadh leis an líne argóinte sin, áfach.

105. Is féidir le coincheap an tsáraithe leanúnaigh, a tharlaíonn agus a bhfuil cosc ama air de réir a chéile le himeacht ama, a bheith ann i ndlíthe sibhialta na mBallstát. Ar an gcaoi chéanna, tá dliteanas neamhchonarthach an Aontais Eorpaigh faoi réir tréimhsí teorann de réir a chéile le himeacht ama ina bhfuil an díobháil á déanamh ar bhonn leanúnach.[46]

[44] Breithiúnas an 28 Márta 2019 (C-637/17, EU:C:2019:263, mír 45); féach freisin mo Thuairim in *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:32, mír 81).

[45] Breithiúnas an 14 Iúil 1994, *Faccini Dori* (C-91/92, EU:C:1994:292, míreanna 19 go 30).

[46] Féach breithiúnas an 19 Aibreán 2007, *Holcim (Deutschland)* v *an Coimisiún* (C-282/05 P, EU:C:2007:226, mír 35); féach freisin breithiúnais an 21 Aibreán 2005, *Holcim (Deutschland)* v an *Coimisiún* (T-28/03, EU:T:2005:139, míreanna 69 agus 70, agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 20 Eanáir 2021, *Folschette agus páirtithe eile v an Coimisiún* (T-884/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:27, mír 25).

106. Mar sin féin, tá difríocht struchtúrach idir caingean le haghaidh damáistí mar gheall ar shárú ar an dlí iomaíochta, amhail an chaingean atá i gceist sna príomhimeachtaí agus caingean shibhialta thraidisiúnta i leith dliteanas neamhchonarthach.

107. Ar an gcéad dul síos, tá an chaingean sin bunaithe ar cheart a eascraíonn as lánéifeachtacht Airteagail 101 CFAE agus 102 CFAE atá in ann ní hamháin leigheas a sholáthar i leith na díobhála dírí a líomhnaítear a bhain don duine atá i gceist, ach freisin don díobháil indíreach a rinneadh do struchtúr agus d'oibriú an mhargaidh, nárbh fhéidir éifeachtúlacht eacnamaíoch iomlán a bhaint amach, go háirithe maidir leis na tairbhí do na tomhaltóirí lena mbaineann. [47] Is cuid lárnach de chóras forfheidhmithe na rialacha sin caingne le haghaidh damáistí mar gheall ar rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh a shárú. [48] Trína cheart chun cúiteamh a lorg a fhorfheidhmiú, rannchuidíonn an páirtí díobhálaithe le cuspóirí an Aontais Eorpaigh a bhaint amach agus, dá bhrí sin, déantar "cosantóir" nó "forghníomhaí" leasanna an Aontais Eorpaigh de. [49]

108. I gcás ina dtabharfar caingean den sórt sin chun rialacha iomaíochta a fhorfheidhmiú go príobháideach (forfheidhmiú príobháideach) bunaithe ar shárú ar Airteagail 101 nó 102 CFAE, ní féidir raon feidhme a bheith ag coincheap an tsáraithe, ar coincheap uathrialach de dhlí an Aontais Eorpaigh é, atá éagsúil óna bhfuil aige i gcomhthéacs fhorfheidhmiú rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh ag údaráis phoiblí (forfheidhmiú poiblí). [50] Dá bhrí sin, is le dlí an Aontais Eorpaigh a chinntear an sárú ar a bhfuil an chaingean maidir le cúiteamh bunaithe.

109. Ina theannta sin, chun caingne i leith damáistí mar gheall ar shárú ar dhlí na hiomaíochta a thionscnamh, ní mór anailís chasta fhíorasach agus eacnamaíoch a dhéanamh, i bprionsabal. [51] Ina theannta sin, is minic a bhíonn éagothroime faisnéise a théann chun dochair don pháirtí díobhálaithe. [52] Dá réir sin, ní mór an reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos an dáta ar a gcuirfear tús leis an tréimhse theorann, ní mór fad na tréimhse sin agus na rialacha maidir lena fionraí nó lena briseadh a oiriúnú do shainiúlachtaí dhlí na hiomaíochta. [53]

110. I ndáil leis sin, go deimhin, tá sáruithe ar dhlí na hiomaíochta ann ar féidir iad a dhéanamh láithreach, trí ghníomh aonair, amhail glao ar bhaghcat nó idirdhealú aonair conarthach arna dhéanamh ag gnóthas ceannasach.

111. Mar sin féin, de réir mar a thugann an chúirt a rinne an tarchur an ceart faoi deara, is éard atá i gceist le mí-úsáid ceannasachta amhail é atá i gceist sa chás seo ná an t-iompar ina iomláine, arb é an toradh a bhí air, de bharr a mhéid, a fhad, a dhéine agus a mhodh forghníomhaithe, go ndearna sé saobhadh suntasach ar na dálaí iomaíochta nó go raibh éifeacht fhrithiomaíoch mar thoradh air, nó go bhféadfadh sé gurbh amhlaidh a rinne sé.

47 Féach, chuige sin, breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2001, *Courage agus Crehan* (C-453/99, EU:C:2001:465, mír 26), agus an 16 Feabhra 2023, *Tráficos Manuel Ferrer* (C-312/21, EU:C:2023:99, mír 42).

48 Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Sumal* (C-882/19, EU:C:2021:800, mír 37).

49 Féach, ar an bpointe seo, mo Thuairim in *Tráficos Manuel Ferrer* (C-312/21, EU:C:2022:712, mír 57).

50 Féach, *mutatis mutandis*, breithiúnais an 14 Márta 2019, *Skanska Industrial Solutions agus páirtithe eile* (C-724/17, EU:C:2019:204, mír 47), agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Sumal* (C-882/19, EU:C:2021:800, mír 38).

51 Breithiúnais an 28 Márta 2019, *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:263, mír 46); in *Volvo*, mír 54; agus an 20 Aibreán 2023, *Repsol Comercial de Productos Petrolíferos* (C-25/21, EU:C:2023:298, mír 60).

52 Breithiúnais in *Volvo*, mír 55, agus an 16 Feabhra 2023, *Tráficos Manuel Ferrer* (C-312/21, EU:C:2023:99, mír 43).

53 Breithiúnais an 28 Márta 2019, *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:263, mír 47); in *Volvo*, mír 53; agus an 20 Aibreán 2023, *Repsol Comercial de Productos Petrolíferos* (C-25/21, EU:C:2023:298, mír 60).

112. Díreach mar atá i gcás sárú casta leanúnach ar Airteagal 101 CFAE, bheadh sé mínádúrtha, dá bhrí sin, féachaint leis an sárú agus an tréimhse theorann a "roinnt" i gcás sárú den sórt sin ar Airteagal 102 CFAE a chomhlíonann, fós, na critéir maidir le sárú aonair leanúnach ar an dlí iomaíochta, mar a thug mé faoi deara i míreanna 90 agus 91 thuas.

113. Ar an gcaoi chéanna, tá sé ríthábhachtach nach gceadófar don tréimhse theorann dul in éag sula scoirfear den sárú chun cosaint a thabhairt do cheart na bpáirtithe díobhálaithe cúiteamh iomlán a fháil as an díobháil a fulaingíodh, ar cuid í den chásdlí a bunaíodh roimh an Treoir. [54]

114. Mar a áitíonn Heureka sa chás seo, san earnáil dhigiteach go háirithe, is féidir le sárú tionchar a bheith aige ar leibhéil éagsúla (trádálaithe, fógróirí, úsáideoirí) agus struchtúr an mhargaidh a athrú. Thairis sin, tá sé an-deacair sárú sa réimse sin agus an díobháil a eascraíonn as a shuíomh sula bhfuil deireadh tagtha leis an sárú, agus, mar gheall ar an gceanglas caingean a thabhairt agus é a leasú de réir a chéile tríd an díobháil a éilítear a mhéadú, tá sé ródheacair mura bhfuil sé dodhéanta go praiticiúil an ceart sin chun lánchúitimh a fheidhmiú.

115. Leanann sé freisin ó chásdlí na Cúirte gur ceanglaíodh cheana féin le dlí an Aontais Eorpaigh a bhí ann roimh an Treoir nach gcuirfí tús le tréimhsí teorann sula mbeadh a fhios ag na daoine díobhálaithe faoi na heilimintí is gá chun a gcaingean a thionscnamh, lena n-áirítear, *inter alia*, sárú ar an dlí iomaíochta agus díobháil a bheith ann. Is cosúil go bhfuil sé an-deacair glacadh leis go mbeadh siad ar an eolas [55] faoi sin sula mbeidh deireadh le sárú casta ar dhlí na hiomaíochta.

116. Dá réir sin, is foinse éiginnteachta dlíthiúla é tréimhse theorann a fhorfheidhmiú i gcoinne páirtí díobhálaithe ar bhonn eolas líomhainte an pháirtí sin faoin sárú agus ar an mbonn sin amháin. Os a choinne sin, leis an gceanglas dúbailte maidir le heolas ar an sárú agus deireadh an tsáraithe sin, is féidir pointe tosaigh na tréimhse teorann a chinneadh go beacht agus go hiontaofa, go háirithe i gcás caingne i ndiaidh cinneadh ó údarás iomaíochta, rud a théann chun sochair don pháirtí díobhálaithe, agus don sáraitheoir freisin.

117. Os a choinne sin, bheadh sé ciniciúil tréimhse theorann a fhorfheidhmiú i gcoinne páirtí díobhálaithe agus an sárú fós ar siúl. Ina theannta sin, de bharr an riosca go n-ardófaí an t-eolas atá acu faoin sárú roimh am ina gcoinne, d'fhéadfadh sé go mbeadh drogall ar pháirtithe díobhálaithe sárú a thuairisciú don Choimisiún nó d'údarás iomaíochta agus, ar an gcaoi sin, dhéanfaí dochar d'fhorfheidhmiú éifeachtach dhlí na hiomaíochta.

118. Thairis sin, maidir leis an gceanglas deireadh a bheith tagtha leis an sárú chun go dtosóidh an tréimhse theorann, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an sáraitheoir deireadh leis an sárú níos luaithe ionas go rithfidh an tréimhse sin chomh tapa agus is féidir. Os a choinne sin, cinntíonn rialacha a cheadaíonn an tréimhse theorann a roinnt ina *dies a quo* as a chéile don sáraitheoir go bhfuil an baol ann go n-ordófar dó i gcónaí cúiteamh a dhéanamh ar chuid bheag den sárú, a fhreagraíonn d'fhad na tréimhse teorann, agus ní thugtar spreagadh don sáraitheoir deireadh a chur leis an sárú mar sin.

119. Murab ionann agus an méid a d'áitigh an Coimisiún ag an éisteacht i gcomhthéacs na n-imeachtaí seo, níl sé d'éifeacht ag coinníoll dúbailte maidir le bheith ar an eolas faoin sárú agus deireadh an tsáraithe sin, chun tús a chur leis an tréimhse theorann, nach spreagfaí an páirtí díobhálaithe chun fanacht neamhghníomhach in ainneoin go bhfuil sé ar an eolas faoin sárú,

[54] Breithiúnais an 13 Iúil 2006, *Manfredi agus páirtithe eile* (C-295/04 go C-298/04, EU:C:2006:461, mír 95), agus an 16 Feabhra 2023, *Tráficos Manuel Ferrer* (C-312/21, EU:C:2023:99, mír 35).

[55] An breithiúnas in *Volvo*, míreanna 56 go 61.

agus ar an gcaoi sin, go rannchuideofaí le díobháil a dhéanamh. Is féidir, i gcás inarb iomchuí, an easpa gníomhaíochta sin atá ag teacht salach ar phrionsabal an mheoin mhacánta a chur san áireamh agus an cúiteamh á ríomh. Mar sin féin, ní féidir fachtóir den sórt sin a chur san áireamh agus túsphointe na tréimhse theorann á chinneadh.

120. Maidir le heisceacht ar an gcoinníoll gur scoireadh den sárú chun an tréimhse theorann a thosú, is cosúil nach féidir í a shamhlú ach ar leibhéal an-teoranta, go háirithe i gcás ina n-áirithítear leis an dlí náisiúnta a bhí i bhfeidhm roimh an Treoir nach rachaidh an tréimhse theorann in éag sula dtiocfaidh deireadh leis an sárú mar thoradh ar fhorálacha eile, mar shampla, trí chur i bhfeidhm rialacha maidir leis an tréimhse sin a chur ar fionraí nó a bhriseadh go dtí an dáta ar a mbeidh an cinneadh maidir le sárú ina chinneadh críochnaitheach. Fiú i gcás den sórt sin, ní mór don chúirt náisiúnta a fhíorú go bhfuil go leor ama fágtha ag an bpáirtí díobhálaithe a chaingean a ullmhú agus a thionscnamh tar éis an chinnidh chríochnaithigh. [56]

121. A mhéid a shaothraíonn an páirtí díobhálaithe a cheart suibiachtúil chun cúitimh, tá bonn cirt leis go mbeidh tréimhse theorann shuibiachtúil ag an bpáirtí sin nach féidir tús a chur léi sula mbeidh na gnéithe is gá chun a chaingean a thionscnamh ar eolas aige. Mar sin, tá difríocht idir an páirtí díobhálaithe agus an Coimisiún, a fheidhmíonn cumhachtaí oibiachtúla agus dá ritheann tréimhse theorann, de bhun Airteagal 25(2) de Rialachán Uimh. 1/2003, ón tráth a dhéantar an sárú nó ón tráth a bhfuil deireadh tagtha leis.

122. Mar sin féin, de bhun Airteagal 2 de Rialachán Uimh. 1/2003, tá an páirtí díobhálaithe sa staid chéanna leis an gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an ualach fianaise a bhaineann leis an sárú atá á éileamh aige. Dá réir sin, níl aon údar leis an bpáirtí sin a chur i riocht nach bhfuil chomh fabhrach leis an gCoimisiún maidir le deireadh an tsáraithe a úsáid mar chritéar do thús na tréimhse teorann. Is amhlaidh atá go háirithe sa mhéid is nach bhfuil cumhachtaí ná uirlisí imscrúdaitheacha an Choimisiúin ag an bpáirtí sin chun a shuíomh gurb ann don sárú, [57] ach tá sé ag brath i gcleachtas ar chinneadh an Choimisiúin.

123. Eascraíonn sé as na breithnithe sin, chun feidhmiú éifeachtach an chirt chun cúitimh a chumasú agus, ar an gcaoi sin, chun na cuspóirí maidir le forfheidhmiú rialacha an dlí iomaíochta ag páirtithe díobhálaithe a chomhlíonadh, nár cheart tús a chur leis an tréimhse theorann chun caingean a thionscnamh i leith damáistí sula mbeidh deireadh le sárú den sórt sin.

124. Murab ionann agus na hargóintí a d'ardaigh an Coimisiún agus Google, dá bhrí sin, tá an réasúnaíocht atá mar bhonn leis na breithiúnais in *Volvo agus Manfredi agus páirtithe eile* [58] lán-inaistrithe chuig an gcás seo. Dá réir sin, ba cheart an tríú ceist agus mír (i) den cheathrú ceist a fhreagairt sa chaoi go gcuirtear cosc le hAirteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear go dtosóidh an tréimhse theorann chun cúiteamh a fháil as díobháil a eascraíonn as iompar frithiomaíoch sula gcuirfear deireadh leis an iompar sin ina iomláine.

125. Ciallaíonn sé sin, sa chás atá i gceist sna príomhimeachtaí, nárbh fhéidir tús a chur leis an tréimhse theorann roimh dheireadh an tsáraithe, is é sin le rá go bhféadfadh an tréimhse sin tosú an 27 Meitheamh 2017 ar a luaithe (féach mír 85 thuas). Dá bhrí sin, ní raibh an tréimhse sin

[56] Féach, chuige sin, páipéar oibre fhoireann an Choimisiúin a ghabhann leis an bpáipéar bán ar chaingne le haghaidh damáistí mar gheall ar shárú ar rialacha in aghaidh trustaí de chuid CE, SEC(2008) 404, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52008SC0404, mír 238.

[57] Féach, i ndáil leis an mír deireanach sin, an breithiúnas in *Volvo*, mír 55.

[58] Breithiúnas an 13 Iúil 2006 (C-295/04 go C-298/04, EU:C:2006:461).

imithe in éag roimh dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí an 27 Nollaig 2016. Sna himthosca sin, ní raibh an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí tagtha chun cinn sula ndeachaigh an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí in éag, ach bhí éifeachtaí fós aige tar éis don teorainn ama sin dul in éag, amhail go bhfuil Airteagal 10 den Treoir sin infheidhme maidir leis an gcás sin (míreanna 74 agus 75 thuas).

2. An féidir tús a chur leis an tréimhse theorann sula mbeidh a an páirtí díobhálaithe ar an eolas gurb ionann an t-iompar agus sárú ar rialacha iomaíochta? (mír (ii) den cheathrú ceist)

126. Le mír (ii) den cheathrú ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcuireann Airteagal 102 CFAE agus prionsabal na héifeachtachta bac ar reachtaíocht náisiúnta nach nascann an t-am ag a dtosaíonn an tréimhse theorann leis an eolas gur sárú ar rialacha iomaíochta é an t-iompar i dtrácht, mar a fhoráiltear anois in Airteagal 10(2)(a) de Threoir 2014/104. Ní thagann an cheist sin chun cinn má chuirtear i bhfeidhm mo fhreagra ar an tríú ceist agus ar phointe (i) den cheathrú ceist, eadhon nach gcuirtear tús leis an tréimhse theorann in aon chás sula mbeidh deireadh iomlán leis an sárú. Dá bhrí sin, ní leagfaidh mé amach mo thuairim maidir le mír (ii) den cheathrú ceist ach amháin mar rogha mhalartach.

127. Ceanglaítear le prionsabal na héifeachtachta nach gcuirfear tús leis na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le caingne i leith damáistí i leith sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh sula mbeidh an duine díobhálaithe ar an eolas faoin bhfaisnéis is gá chun a chaingean le haghaidh damáistí a thionscnamh. Áirítear san fhaisnéis sin gurb ann do shárú ar an dlí iomaíochta, go bhfuil díobháil ann, an nasc cúisíoch idir an díobháil sin agus an sárú sin, agus céannacht dhéantóir an tsáraithe.[59]

128. Mar a mhínigh Abhcóide Ginearálta Rantos sa chomhthéacs sin, is foinse éiginnteachta dlíthiúla é an tráth is eol don pháirtí díobhálaithe "an sárú a bheith ann", ó thaobh aicmiú dlíthiúil an iompair atá i gceist. Dá bhrí sin, bheadh sé ábhartha go dtoimhdeofaí, i gcomhthéacs caingne a thionscnaítear "tar éis" a cinneadh ón gCoimisiún nó ó údarás iomaíochta náisiúnta,[60] gur féidir a mheas go réasúnta, in éagmais táscairí eile, go bhfuil na heilimintí is gá chun an chaingean a thionscnamh ar eolas tráth a fhoilsítear an achoimre ar chinneadh an Choimisiúin san *Iris Oifigiúil* (nó a choibhéis i gcás cinneadh ó údarás iomaíochta náisiúnta).[61]

129. Os a choinne sin, i gcaingne "neamhspleácha", i gcás nach ndearna údarás iomaíochta aon chinneadh roimh ré,[62] níl aon phointe tagartha den sórt sin ann mar gheall ar an eolas sin, agus is faoin gcúirt náisiúnta, ar deireadh thiar, a chinneadh cathain arbh eol don pháirtí díobhálaithe "an sárú a bheith ann" ar bhonn na faisnéise a sholáthair an cosantóir amháin. I ndáil leis sin, ní féidir a cheangal go mbeadh aicmiú dlíthiúil na bhfíoras mar shárú ar an dlí iomaíochta saor ó gach amhras, rud atá deacair go ginearálta sula suitear le cinneadh riaracháin nó breithiúnach sárú den sórt sin. Mar sin féin, os a choinne sin, ní leor an t-eolas atá ag an bpáirtí díobhálaithe maidir le fíorais nó faisnéis aonair, a d'fhéadfadh amhras a fhuascailt go ndearnadh sárú ar an dlí iomaíochta, chun a mhaíomh go raibh an páirtí díobhálaithe ar an eolas faoin sárú. Ní mór tacar

59 An breithiúnas in *Volvo*, míreanna 56 go 60.

60 Féach, don sainmhíniú seo, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella in *Repsol Comercial de Productos Petrolíferos* (C-25/21, EU:C:2022:659, míreanna 32 go 35).

61 Féach, chuige sin, an breithiúnas in *Volvo*, mír 71, agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Rantos in *Volvo agus DAF Trucks* (C-267/20, EU:C:2021:884, míreanna 122 agus 123).

62 Féach arís, don sainmhíniú seo, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Pitruzzella in *Repsol Comercial de Productos Petrolíferos* (C-25/21, EU:C:2022:659, míreanna 32 go 35).

fianaise beacht agus comhsheasmhach a bheith ann ar ar a bhonn is féidir glacadh leis nach bhféadfadh páirtí dícheallach gan a bheith ar an eolas go réasúnta gurb ionann na fíorais atá ar eolas aige, nó a d'fhéadfadh a bheith ar eolas aige, agus sárú ar an dlí iomaíochta.

130. Sa chomhthéacs sin, is fíor, go deimhin, go méadaítear an éiginnteacht dhlíthiúil trí idirdhealú a dhéanamh, maidir le dualgas an díchill chuí, idir gnóthais a bhfuil comhairleoirí dlí acu agus "tomhaltóirí gairmiúla", ar thaobh amháin, agus "gnáththomhaltóirí", ar an taobh eile.[63] Mar sin féin, dealraíonn sé, agus measúnú á dhéanamh ar an eolas atá ag an bpáirtí díobhálaithe faoin sárú a bheith ann agus ar a dhualgas díchill chuí i ndáil leis sin, go bhfuil cúis mhaith ag an gcúirt a rinne an tarchur an difríocht sin a chur san áireamh. Dealraíonn sé freisin gur féidir a chur san áireamh gur fusa roinnt sáruithe amhail comhaontuithe ar phraghsanna idir iomaitheoirí díreacha a aicmiú mar shárú ar rialacha iomaíochta ná iompar eile, go háirithe iompar a tharlaíonn ar mhargaí nua nach bhfuil a oiread sin eolais ag na húdaráis iomaíochta orthu agus nach ndéanann siad a oiread sin anailíse orthu ach an oiread.

131. Ar bhonn na mbreithnithe sin, ba cheart freagra a thabhairt ar phointe (ii) den cheathrú ceist a tharchuirtear chun réamhrialú sa chaoi, de bhun Airteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, nár cheart go dtosódh na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le caingne le haghaidh damáistí i leith sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh sula mbeidh an fhaisnéis atá riachtanach chun caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe, nó gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeadh sin ar eolas aige, lena n-áirítear go ndearnadh sárú ar an dlí iomaíochta. I gcás ina dtionscnaítear caingean den sórt sin i ndiaidh cinneadh a rinne údarás iomaíochta, in éagmais tásca eile, is féidir a mheas go réasúnta go bhfuarthas an t-eolas sin, faoi réir a fhíoraithe ag an gcúirt náisiúnta, ón tráth a fhoilsítear go hoifigiúil achoimre ar an gcinneadh sin. In éagmais cinneadh den sórt sin, ní féidir eolas faoin sárú a shuíomh ach amháin má tá tacar fianaise beacht agus comhsheasmhach ann ar ar a bhonn is féidir glacadh leis nach bhféadfadh páirtí dícheallach gan bheith ar an eolas go réasúnta gurbh ionann na fíorais a bhí ar an eolas aige, nó a d'fhéadfadh a bheith ar eolas aige, agus sárú ar dhlí na hiomaíochta.

3. An gá an tréimhse theorann a chur ar fionraí ar feadh ré an nós imeachta atá os comhair an Choimisiúin agus ar feadh thréimhse an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar an gcinneadh sin ón gCoimisiún? (míreanna (iii) agus (iv) den cheathrú ceist)

132. Le mír (iii) agus le mír (iv) den cheathrú ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gcuireann Airteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, bac ar reachtaíocht náisiúnta nach gcuireann an tréimhse theorann ar fionraí agus nach mbriseann an tréimhse theorann le haghaidh sárú ar an dlí iomaíochta ar feadh ré an nós imeachta os comhair an Choimisiúin maidir leis an sárú sin, atá fós ar siúl, agus nach bhfuil aon riail inti go dtiocfaidh deireadh le fionraí na tréimhse teorann tráth nach luaithe ná bliain amháin tar éis don chinneadh maidir le sárú teacht chun bheith críochnaitheach.

133. Amhail phointe (ii) den cheathrú ceist, ní thagann an tsaincheist seo chun cinn, sa chás seo, má chuirtear i bhfeidhm mo fhreagra ar an tríú ceist agus ar phointe (i) den cheathrú ceist. Dá bhrí sin, ní leagfaidh mé amach mo thuairim maidir le pointí (iii) agus (iv) den cheathrú ceist ach amháin mar rogha mhalartach.

[63] Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Rantos in *Volvo agus DAF Trucks* (C-267/20, EU:C:2021:884, míreanna 121 agus 122).

134. D'fhonn a chinneadh an bhfuil sé ródheacair de bharr rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann an ceart chun leighis dlí a fheidhmiú, ní mór na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann a mheas ina n-iomláine. Dá bhrí sin, níor cheart gnéithe aonair de na rialacha sin a scrúdú ina n-aonar.[64] Níl san fhéidearthacht an tréimhse a chur ar fionraí ar feadh ré an nós imeachta atá os comhair an Choimisiúin agus athbhreithniú breithiúnach ar a chinneadh ach ceann amháin de na gnéithe sin.

135. Mar a áitíonn an Coimisiún, is é is cúis leis an tréimhse theorann a chur ar fionraí gur cheart don éilitheoir a bheith in ann fanacht le toradh imscrúdú an údaráis iomaíochta agus, de réir mar a bheidh, toradh an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ar chinneadh an údaráis sin. Leis sin, beidh an t-éilitheoir in ann measúnú a dhéanamh ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh sárú ar an dlí iomaíochta, a bheith ar an eolas faoina raon feidhme agus ré aon sáraithe, agus brath ar an gcinneadh sin i gcomhthéacs caingean i leith damáistí ina dhiaidh sin.

136. I gCás *Cogeco Communications*, chinn an Chúirt, dá bhrí sin, go bhfuil feidhmiú an chirt chun leigheas dlí a fháil ródheacair mura bhfuil sé dodhéanta i gcleachtas más rud é go bhfuil tréimhse theorann, a thosaíonn roimh chur i gcrích na n-imeachtaí a ndéanann an t-údarás iomaíochta náisiúnta nó cúirt athbhreithnithe cinneadh críochnaitheach ina dhiaidh, róghearr i ndáil le fad na n-imeachtaí sin, agus mar thoradh air sin nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh an tréimhse theorann sin dul in éag fiú sula gcuirtear na himeachtaí sin i gcrích, rud a chuirfeadh cosc ar an bpáirtí díobhálaithe caingean a thionscnamh bunaithe ar chinneadh den sórt sin.[65]

137. Eascraíonn sé as an gcásdlí sin nach mór don pháirtí díobhálaithe a bheith in ann a chaingean a bhunú ar chinneadh ó údarás iomaíochta maidir le sárú ar rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh lena mbaineann. Is féidir an tréimhse theorann a chur ar fionraí go huathoibríoch nó a bhriseadh go huathoibríoch le linn imeachtaí an údaráis iomaíochta mar uirlis amháin chun na críche sin. Mar sin féin, sna córais náisiúnta, dealraíonn sé go bhféadfadh bealaí eile a bheith ann freisin chun a áirithiú gur féidir leis an bpáirtí díobhálaithe a chaingean a bhunú ar an gcinneadh maidir le sárú.

138. Ba cheart, dá bhrí sin, míreanna (iii) agus (iv) den cheathrú ceist a tharchuirtear chun réamhrialú a fhreagairt, dá bhrí sin, sa chaoi nach gcuireann Airteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, cosc ar rialacha maidir le tréimhsí teorann lena rialaítear caingne le haghaidh damáistí i leith sáruithe ar dhlí na hiomaíochta, ar rialacha iad nach gcuireann an tréimhse theorann ar fionraí agus nach mbriseann í go huathoibríoch ar feadh ré an nós imeachta os comhair an údaráis iomaíochta nó athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh údaráis den sórt sin. Mar sin féin, ceanglaítear le hAirteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, go gceadaítear leis na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann don pháirtí díobhálaithe a chaingean a bhunú ar chinneadh ó údarás iomaíochta a bhaineann leis an sárú ar rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh lena mbaineann.

[64] Féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Márta 2019, *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:263, míreanna 45 go 55); féach freisin mo Thuairim in *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:32, mír 81), agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Rantos in *Volvo agus DAF Trucks* (C-267/20, EU:C:2021:884, mír 101).

[65] Breithiúnas an 28 Márta 2019, *Cogeco Communications* (C-637/17, EU:C:2019:263, mír 52).

VI. Conclúid

139. I bhfianaise na mbreithnithe sin, molaim don Chúirt freagra a thabhairt ar an iarraidh ar réamhrialú ón Městský soud v Praze (Cúirt Chathrach Phrág, Poblacht na Seice) mar a leanas:

(1) Chun infheidhmeacht ama Airteagal 10 de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh a chinneadh, is gá a fháil amach ar tháinig an staid atá i gceist chun cinn roimh dhul in éag an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí nó an bhfuil éifeachtaí fós aici tar éis don teorainn ama sin dul in éag. Chuige sin, is gá a fháil amach an bhfuil an tréimhse theorann is infheidhme maidir leis an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí imithe in éag ar dháta éaga an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, rud a chiallaíonn go gcaithfear a chinneadh cathain a thosaigh an tréimhse theorann sin. Le linn na tréimhse roimh dhul in éag an spriocdháta chun Treoir 2014/104 a thrasuí, cinntear túsphointe na tréimhse teorann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

(2) Le hAirteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, cuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear go dtosóidh an tréimhse theorann chun cúiteamh a fháil as díobháil a eascraíonn as iompar frithiomaíoch sula gcuirtear deireadh leis an iompar sin ina iomláine.

(3) De bhun Airteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, níor cheart go dtosódh na tréimhsí teorann is infheidhme maidir le caingne le haghaidh damáistí i leith sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh sula mbeidh an fhaisnéis riachtanach chun caingean le haghaidh damáistí a thionscnamh ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe, nó gur féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go mbeidh sin ar eolas aige, lena n-áirítear go ndearnadh sárú ar an dlí iomaíochta. I gcás ina dtionscnaítear caingean den sórt sin i ndiaidh cinneadh a rinne údarás iomaíochta, in éagmais tásca eile, is féidir a mheas go réasúnta go bhfuarthas an t-eolas sin, faoi réir a fhíoraithe ag an gcúirt náisiúnta, ón tráth a fhoilsítear go hoifigiúil achoimre ar an gcinneadh sin. In éagmais cinneadh den sórt sin, ní féidir eolas faoin sárú a shuíomh ach amháin má tá tacar fianaise beacht agus comhsheasmhach ann ar ar a bhonn is féidir glacadh leis nach bhféadfadh páirtí dícheallach gan bheith ar an eolas go réasúnta gurbh ionann na fíorais a bhí ar an eolas aige, nó a d'fhéadfadh a bheith ar eolas aige, agus sárú ar dhlí na hiomaíochta.

(4) Le hAirteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, ní chuirtear cosc ar rialacha maidir le tréimhsí teorann lena rialaítear caingne le haghaidh damáistí i leith sáruithe ar dhlí na hiomaíochta, ar rialacha iad nach gcuireann an tréimhse theorann ar fionraí go huathoibríoch agus nach mbriseann í go huathoibríoch ar feadh ré an nós imeachta os comhair an údaráis iomaíochta ná an t-athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh údaráis den sórt sin. Mar sin féin, ceanglaítear le hAirteagal 102 CFAE, arna léamh in éineacht le prionsabal na héifeachtachta, go gceadaítear leis na rialacha náisiúnta maidir le tréimhsí teorann don pháirtí díobhálaithe a chaingean a bhunú ar chinneadh ó údarás iomaíochta a bhaineann leis an sárú ar rialacha iomaíochta an Aontais Eorpaigh lena mbaineann.